ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHONTAE NA GAILLIMHE

D'Eolaire ar na Seirbhísí atá Againn



Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe

D'Eolaire ar na Seirbhísí atá Againn

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáidí éagsúla má iarrtar orthu.

Déan teagmháil leis an Aonad um Chuimsiú Sóisialta ag 091 746866 nó 091 746871 i gcomhair tuilleadh eolais ar fhormáidí eile nó le breis cóipeanna a fháil den Eolaire seo.

Social Inclusion Unit
Aonad um Chuimsiú Sóisialta

Is chun críche na treorach amháin í an cháipéis seo agus ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil í ar aon cheann de na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Féadfaidh scéimeanna athrú agus ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hAonad ábhartha na Comhairle chun sonraí iomlána a fháil.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Bunaíodh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe go luath in 2008. Is é príomhról an Aonaid beartais agus cleachtais a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chomhtháthú in obair laethúil na comhairle. Ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh cuimsiú sóisialta ag croílár gach seirbhíse a chuireann an Chomhairle ar fáil. Níor cheart go mbeadh aon duine, grúpa nó pobal eisiata ag gníomhaíocht ar bith de chuid na Comhairle ná ó sheirbhís ar bith.
Tá sí mar aidhm againn ár seirbhísí a sholáthar don mhéid is mó daoine is féidir, fiú sna háiteanna is iargúlta sa Chontae.

Beidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ag obair i gcomhpháirtíocht dhlúth le heagraíochtaí agus grúpaí éagsúla taobh amuigh den Chomhairle a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí sóisialta cuimsitheacha. Mar sin, fiú amháin mura soláthraíonn an Chomhairle féin an tseirbhís, oibreoidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta le grúpaí chun comhairle, tacaíocht agus aon chabhair eile a thabhairt más gá.

Is tionscnamh de chuid an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta é an foilseachán seo 'D'Eolaire ar na Seirbhísí atá Againn' faoi sheirbhísí Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. Táimid ag iarraidh go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí.

Ba mhiste linn buíochas a ghabháil freisin le baill Ghrúpa na nOifigeach um Sheirbhísí do Chustaiméirí as ucht an cúnamh agus tacaíocht a thug siad don fhoilseachán seo agus leis an bhfoireann ar fad a thug cabhair dúinn.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta
Meitheamh 2008

Eochair na gComharthaí

= Foirm iarratais ar fáil
= Cabhair airgeadais ar fáil
= Duais ar fáil

Clár na nÁbhar

Leathanach

Teachtaireacht ó Mhéara an Chontae 1
Teachtaireacht ó Bhainisteoir an Chontae 1

Cén Chaoi Le Dul i dTeagmháil Linn

Léarscáil de Sheirbhísí Lonnaithe sa Chontae 2
Léarscáil de Sheirbhísí Lonnaithe sa Chathair 3
Faoi Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 4
Baill Tofa de Chomhairle Chontae na Gaillimhe 5
Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe 6
Comhairle Baile Bhaile Locha Riach 7
Comhairle Baile Thuama 8
Oifigí Réigiúnacha / Ceantair 9

Seirbhísí Mótarchánach

Cén chaoi le do Mhótarcháin a íoc A 10
Rátaí Mótarchánach 10
Oifigí Mótarchánach 10
Seirbhísí Mhótarchánach Eile A 11
Ceadúnais Tiomána A 11

Seirbhísí Pleanála

Sonraí Teagmhála 12
Cineálacha Cead Pleanála A 13
An tSeirbhís Tuarascálacha Réamhphleanála 13
Seirbhís Comhairle Réamhphleanála 13
Siopa Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis 14
Comhad Pleanála a Ordú & a Bhreathnú 14
Tráchtaireacht a dhéanamh ar Iarratas Pleanála 14
Córas Fiosraithe Pleanála 14
Achomharc a dhéanamh i gCoinne Chinneadh an Údaráis Phleanála 15
Fógra Tosach Feidhme A 15
Seimineáir Phleanála 15
Seirbhísí Pleanála Eile 15
Forbairt Neamhúdaraithe A 16
Pleananna Forbartha 17
Caomhantas / Deontais A € 18
Oidhreacht / Deontais / Duaiseanna A € 🏆 19
Duaiseanna Shlí Dhúlra na Gaillimhe / Féilire A 🏆 19

Seirbhísí Tithíochta

Sonraí Teagmhála 21
Tithíocht Údaráis Áitiúil A 22
Tithíocht Dheonach A 22
An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) A 23
Caighdeáin do Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos 23
Clárú Cóiríochta Príobháidí ar Cíos 24
Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí A 24
Tithíocht ar Phraghas Réasúnta A 25
Scéim Comhúinéireachta A 26
Iasacht ón Údarás Áitiúil A 26
Iasacht Feabhsúchán Tí A 27
Oibreacha Feabhsúcháin in ionad Tithíocht ón Údarás Áitiúil . 27
Deontas do Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta A € . 28
Deontas d'Athchóiriú Tithíochta A € 28
Deontas do Chabhair Luaineachta A € 28

Seirbhísí Bóithre & Iompair

Sonraí Teagmhála 29
Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta (NRDO) 30
Feistiú Luaimh 30
Sábháilteacht ar Bhóithre 31
An Scéim um Maor Scoile Sóisearach 31
Clár Oiliúna Rothaíochta 31
Scannáin ar Shábháilteacht ar na Bóithre 31
Bandaí Muinchille / Ábhar Frithchaiteach 31
Seó Sábháilteacht Bhóthair 32
Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair A € . . 33
Scéim Feabhsúcháin Áitiúil A € 33
Comharthaí Pobail-ar-Aire 34
Scéim Fostaíochta Pobail 34
Ceadúnais Pháirceála do Chónaitheoirí A 35
Seirbhísí Iompair & Bóithre Eile 35

Seirbhísí Comhshaoil

Sonraí Teagmhála 36
Cén Chaoi le Gearán Comhshaoil a Dhéanamh A 37
Soláthar Reilige 37
Deontais d'Oibreacha Cothabhála Reilige A € 37
Ionaid Athchúrsála 38
Bancanna Tabhartais 38

Ceadúnais & Ceada Dramhaíola A 39
Ceadúnais do Bhailitheoirí Dramhaíola 39
Gradaim Chomhshaoil an Chontae A € 39
Tionscnaimh in Aghaidh an Bhruscair A € 40
Glantachán Náisiúnta Earraigh 40
Scoileanna Glasa 41
Múiríniú 42
Comórtas na mBailte Slachtmhara A € 42
Tránna le Bratach Ghorm 43
Dámhachtain an Chósta Ghlais 43
Áiteanna & Struchtúir Chontúirteacha 44
Ceadúnú Láithreáin Champála & Charbhán A 44
Ceadúnú Substaintí Contúirteacha A 45
Rialú & Feabhsú Láithreáin Dearóil 45
Leas Ainmhithe 46
Smacht ar Mhadraí 47
Cén chaoi le Ceadúnas Madra a fháil 47
Maoir Mhadraí 47
Seirbhísí Comhshaoil Eile 48

Seirbhísí Uisce

Sonraí Teagmhála 49
Ceangal a dhéanamh le Scéim Séarachais Phoiblí 50
Ceangal a dhéanamh le Scéim Soláthair Uisce Poiblí . . . 51
Grúpscéimeanna Uisce A 51
Deontas do Thoibreacha Aonair A € 52
Sábháilteacht Uisce a Chur Chun Cinn i gContae na Gaillimhe . . 52
Seirbhísí Uisce Eile A 53

Seirbhísí Éigeandála

Sonraí Teagmhála do Sheirbhísí Dóiteáin na Gaillimhe . . . 54
Seribhísí Cosanta / Coisc 55
Cosaint Shibhialta 55

Seirbhísí Leabharlainne Poiblí

Sonraí Teagmhála do Cheannáras na Leabharlainne 56
Sonraí Teagmhála do Leabharlanna Áitiúla 57

Seirbhísí Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta
Sonraí Teagmhála . . . 67
Fóram an Phobail A . . . 68
CLÁR . . . 68
An tAonad um Chuimsiú Sóisialta . . . 69
An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt . . . 69
RAPID . . . 70
An Comórtas Mórtas Ceantair 🏆 . . . 71
Scéim Cúnaimh Airgid do Sheirbhísí Bunaithe ar Chonláistí A € . . . 72
Scéim Cúnaimh Airgid do Sheirbhísí Bunaithe ar an Eacnamaíocht A € . . . 72
An Oifig Ealaíon / Deontas A € . . . 73
Deontais Sparántachta d'Ealaíontóirí Aonair A € 🏆 . . . 73
Gradaim Ealaíon an Chontae A 🏆 . . . 73
Ealaín Phoiblí . . . 74
Seirbhísí Airgeadais
Sonraí Teagmhála . . . 75
Cuntais Iníoctha . . . 76
Rátaí . . . 76
Oifig an Airgid . . . 77
Aisíocaíochtaí Iasachta . . . 77
Íocaíochtaí Ar Líne . . . 78
Buiséad Bliantúil . . . 78
Seirbhísí do Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha
Sonraí Teagmhála . . . 79
Earcaíocht A . . . 80
An Ghaeilge & Seribhísí trí Mheán na Gaeilge . . . 80
Seirbhísí do Chustaiméirí
Cén chaoi le Gearán a dhéanamh nó Barúil a thabhairt A . . . 81
Inrochtaineacht Sheirbhísí na Comhairle . . . 82
Deontais Ardoideachais A € . . . 82
Ceadúnais Chorrthrádála A . . . 83
Saoráil Faisnéise . . . 83
Áiseanna do Chaitheamh Aimsire & Conláiste . . . 84
Maoir Phobail . . . 85
Clár na dToghthóirí A . . . 86
Eolas Eile . . . 86
Teagmhálacha Úsáideacha Eile . . . 87

Teachtaireacht ó Mhéara an Chontae

Tugann sé sásamh mór dom, mar Mhéara Chontae na Gaillimhe, an tEolaire seo darb ainm "D'Eolaire ar na Seirbhísí atá Againn" d'Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe a chur i bhur láthair. Is é seo an chéad Eolaire den chineál seo le bheith foilsithe do Chontae na Gaillimhe le sceideal de na seirbhísí ar fad atá againn. Is í aidhm an Eolaire seo ná go mbeidh fáil ag ár gcustaiméirí go sciobtha agus go héasca ar ár seirbhísí. Tá cur síos gairid istigh ann ar gach seirbhís atá ar fáil i dteannta le sonraí teagmhála chun cabhrú leat tuilleadh eolais a fháil.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe a chabhraigh go mór leis an bhfoilseachán fiúntach seo.

Seán Canney
Comh. Seán Canney, Méara Chontae na Gaillimhe.

Teachtaireacht ó Bhainisteoir an Chontae

Táim an-sásta an "D'Eolaire ar na Seirbhísí atá Againn" d'Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe a chur i láthair i dteannta leis an Méara, an Comhairleoir Seán Canney.

Tá Seirbhís do Chustaiméirí ag croílár obair na Comhairle agus is buntáiste mór é an t-Eolaire seo do na custaiméirí uile a bhíonn ag baint úsáide as ár seirbhísí.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt don Aonad um Chuimsiú Sóisialta a stiúraigh an tionscnamh seo agus do na baill foirne uile a thug cabhair dúinn.

Martina Moloney
Martina Moloney, Bainisteoir an Chontae.

Léarscáil de Sheirbhísí Lonnaithe sa Chontae



Léarscáil de Sheirbhísí Lonnaithe sa Chathair

Faoi Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe

Tá sé mar phríomhchuspóir againn "seirbhísí cuimsitheacha ón údarás áitiúil a sholáthar i gContae na Gaillimhe, trí cheannasaíocht chathartha agus ionadaíocht dhaonlathach éifeachtúil". San áireamh in Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, seachas Cathair na Gaillimhe, agus Comhairlí Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Tuaim & Bhaile Locha Riach. Cuirfimid níos mó ná 100 seirbhís agus feidhm ar fáil, cuid mhaith acu saor in aisce. Feidhmímid taobh istigh de chóras daonlathach áitiúil ina dtoghtar Comhairleoirí gach 5 bliana. Tá na Comhairleoirí freagrach as glacadh le beartas agus tá Bainisteoir an Chontae agus a f(h)oireann freagach as cur i bhfeidhm na mbeartas sin.

Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
Príomh-Uimhir Teil: 091 509000
Idirlíon: www.gaillimh.ie

	CUNTAR POIBLÍ UAIREANTA OSCAILTE	UAIREANTA FÓIN
Ginearálta	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 4.00in	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 5.00in
Pobal, Fiontar, & Forbairt Eacnamaíochta	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in
Mótarcháin	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 3.30in	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 5.00in
Pleanáil	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 4.00in **(Seachas Céad):** 10.00rn - 4.00in	**Luan- Aoine:** 9.00rn - 1.00in 2.00in - 5.00in **(Seachas Céad):** 10.00rn - 1.00in 2.00in - 5.00in

Baill Tofa de Chomhairle Chontae na Gaillimhe (ag am cló)

Toghcheantar Bhéal Átha na Sluaighe

Comh. Michael Mullins	Teil: 087 2607405
Comh. Tomas Mannion	Teil: 087 6787490
Comh. James Joyce	Teil: 087 9591904
Comh. Dermot Connolly	Teil: 086 0886160
Comh. Michael Finnerty	Teil: 087 6133676

Toghcheantar Chonamara

Comh. Séamus Walsh	Teil: 087 0519884
Comh. Seán Ó Tuairisg	Teil: 086 3864179
Comh. Seosamh Ó Cuaig	Teil: 087 2194247
Comh. Connie Ní Fhatharta	Teil: 087 2311522
Comh. Josie Conneely	Teil: 087 9528808
Comh. Thomas Welby	Teil: 087 2855676
Comh. Sean Kyne	Teil: 087 6137372

Toghcheantar Bhaile Locha Riach

Comh. Michael Fahy	Teil: 087 2456000
Comh. Pat Hynes	Teil: 087 2404404
Comh. Bridie Willers	Teil: 086 0847270
Comh. Willie Burke	Teil: 087 2686166
Comh. Peter Feeney	Teil: 087 6812403
Comh. Michael Regan	Teil: 087 2547524
Comh. Michael “Mogie” Maher	Teil: 086 8109185

Toghcheantar Óráin Mhóir

Comh. Mary Hoade	Teil: 087 2255979
Comh. Jarlath McDonagh	Teil: 087 2346012
Comh. Jim Cuddy	Teil: 087 6360242
Comh. Michael Carey	Teil: 086 1741611

Toghcheantar Thuama

Comh. Sinéad Connaughton	Teil: 086 8577624
Comh. Colm Keaveney	Teil: 087 6776812
Comh. Tiernan Walsh	Teil: 086 8514674
Comh. Tom McHugh	Teil: 086 2574192
Comh. Michael Connolly	Teil: 087 6829049
Comh. Seán Canney	Teil: 093 55367
Comh. Tom Reilly	Teil: 086 3627889

Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe

Sa bhreis ar an ról atá aici ionadaíocht a dhéanamh, cuireann Comhairle baile Bhéal Átha na Sluaighe na seirbhísí seo a leanas ar fáil i mBaile Bhéal Átha na Sluaighe:

- Tithíocht Shóisialta
- Seirbhísí Pleanála & Rialú ar Fhorbairt
- Áiseanna do Chaitheamh Aimsire agus Conláiste
- Soilsiú Poiblí & Glanadh Sráide
- Corrthrádáil
- Comórtas na mBailte Slachtmhara agus
- Aonach Dheireadh Fómhair

Tá 9 mball tofa sa Chomhairle agus déanann Cléireach an Bhaile atá ag obair go lán-aimseartha an riarachán a bhainistiú ó lá go lá. Tá Oifig do Mhótarcháin Ionnaithe sna Oifigí Cathartha freisin.

Baill Tofa de Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe
(ag am cló): Lucy Lloyd-Keighrey, Carmel Grealy, John Molloy, Seán Tully, Pat O'Sullivan, Johnny Walsh, Mike Kelly, Hugh Dolan, Jason Devlin.

Sonraí Teagmhála

Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Oifigí Cathartha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.

Teil:	090 96 42263
Ríomhphost:	tclerk@ballinasloetc.ie
Facs:	09096 42689
Uaireanta Oscailte:	9.30rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

Comhairle Baile Bhaile Locha Riach

Sa bhreis ar an ról atá aici ionadaíocht a dhéanamh, cuireann Comhairle Baile Bhaile Locha Riach na seirbhísí seo a leanas ar fáil do Bhaile Locha Riach:

- Tithíocht Shóisialta
- Láithreáin Phicnicí
- Carrchlóis
- Clóis súgartha

Tá 9 mball tofa ar an gComhairle agus déanann Cléireach an Bhaile atá ag obair go lán-aimseartha an riarachán a bhainistiú ó lá go lá.

Baill Tofa de Chomhairle Baile Bhaile Locha Riach (ag am cló): Gabriel Burke, James Curley, Mary Gunter-Nix, Pat Hynes, James Regan, Michael 'Mogie' Maher, Norman Morgan, Séamus Tully, Geraldine Bane.

Sonraí Teagmhála

Comhairle Baile Bhaile Locha Riach, Sráid na Bearaice, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.

Teil:	091 841536
Ríomhphost:	tcloughrea@galwaycoco.ie
Facs:	091 842734
Uaireanta Oscailte:	9.10rn - 12.55in & 2.10in - 5.00in

Comhairle Baile Thuama

Tá ról ionadaíochta ag Comhairle Baile Thuama agus tá 9 mball tofa ar an gComhairle. Déanann Cléireach an Bhaile, atá ag obair go páirt-aimseartha, an riarachán ó lá go lá a bhainistiú.

Baill Tofa de Chomhairle Baile Thuama (ag am cló):
Gilleesa Browne-Lane, Paul O'Grady, Tom Reilly, Martin Anthony Ward, Peter Warren, Sally Ann Flanagan, Teresa McHugh, Ann O'Donnell-Brady, Imelda Kelly.

Sonraí Teagmhála

Comhairle Baile Thuama, Halla an Bhaile, Tuaim, Co. na Gaillimhe.

Teil:	093 24246
Ríomhphost:	tclerk@tuamtc.galwaycoco.ie
Facs:	093 70463
Uaireanta Oscailte:	Luan, Céad & Aoine: 9.30rn - 12.30in

Oifigí Réigiúnacha / Ceantair

Tá Oifigí Réigiúnacha & Oifigí Ceantair ag Comhairle Contae na Gaillimhe mar seo a leanas:

Oifigí Réigiúnacha / Ceantair	Teileafóin
Baile Átha an Rí	091 844042
Béal Átha na Sluaighe	090 96 42274
An Cheathrú Rua	091 595771
An Clochán	095 21186
An Gort	091 631040
Órán Mór (Leacach)	091 737020
Baile Locha Riach	091 841536
Uachtar Ard	091 552353
Port Omna	090 97 41019
Tuaim Thiar (Tuaim)	093 24123
Tuaim Thoir (An Creagán)	090 96 79221
Tuaim Thiar (Baile an Mhuilinn)	093 51314

Cén fáth ar chóir dul i dteagmháil le d'Oifig Réigiúnach / Ceantair?

Chun tuairisc a thabhairt ar rudaí cosúil le:

- Linntreoga
- Oibreacha gnáthaimh ar bhóithre
- Tuile
- Guaiseacha féideartha ar an mbóthar poiblí

Chun iarratas a dhéanamh ar:

- Cead a fháil chun bóthar poiblí a oscailt
- Ceadúnas do Chlársonsa/Scafall
- Bóthar a dhúnadh go sealadach
- Eisiúint/Athnuachan ceadúnais phairceála do chónaitheoirí

Cén chaoi le do Mhótarcháin a íoc

Buail isteach ag an Oifig Mótarchánach is giorra duit idir na huaireanta oscailte atá luaite. An t-iarratas a sheoladh tríd an bpost chuig an Oifig Mótarchánach is gaire duit (cuir glaoch i dtosach báire chun a fháil amach cé na cáipéisí atá riachtanach)
Logáil isteach ar www.motortax.ie

Rátaí Mótarchánach

Le heolas a fháil ar an méid atá le híoc agat, logáil isteach ar www.motortax.ie nó cur glaoch ar aon cheann dár n-oifigí mótarchánach.

Oifigí Mótarchánach

Oifig	Uaireanta Oscailte	Sonraí Teagmhála
Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.	**Luan - Aoine** 9.00rn - 3.30in	Guthán: 091 509099 Ríomhphost: motortax@galwaycoco.ie Idirlíon: Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Motarchain/
Oifigí Cathartha Bhéal Átha na Sluaighe	**Luan - Aoine** 9.30rn - 3.00in	Guthán: 090 96 48090 / 48007 Ríomhphost: tclerk@ballinasloetc.ie Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Motarchain/
An Cheathrú Rua	**Luan - Aoine** 9.00rn - 1.00in & 2.00in - 3.00in	Guthán: 091 595788 Ríomhphost: carraroeareaoffice@galwaycoco.ie Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Motarchain/

Seirbhísí Mhótarchánach Eile A

Eisíonn an Oifig Mótarchánach:

- Deimhnithe ar ródacmhainneacht d'fheithiclí tráchtála
- Leabhair chláraithe / teastais cheadúnaithe d'fheithiclí dhúblacha
- Plátaí Trádála le haghaidh garáistí / Ceadúnais Fholeantóirí
- Athrú Úinéara d'fheithiclí a bhí cláraithe roimh 1ú Eanáir, 1993. Déileálann an tAonad um Chlárú Feithiclí, Sionainn, Co. an Chláir le feithiclí a cláraíodh i ndiaidh an dáta sin. (Íosghlao 1890 411 412)

Ceadúnais Tiomána A

Tá an Oifig Mótarchánach freagrach as ceadúnais fhoghlaimeora (a bhí ina gceadúnais shealadacha roimhe seo) agus ceadúnais tiomána iomlána a eisiúint. Lena chois sin, eisíonn siad ceadúnais dhúblacha agus ceadúnais mhalartaithe do cheadúnas tiomána iomlána a eisíodh i mballstát den Aontas Eorpach agus i "Stáit aitheanta" eile faoi na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 1999.

Le fiosrúchán a dhéanamh faoi Cheadúnais Tiomána, téigh i dteagmháil le:

Teil: 091 509305
Ríomhphost: motortax@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Ceadunais/

Oifig Mótarchánach, An Cheathrú Rua, Oifig Ceantair.

Céard atá ar bun againn?

1 Pleananna sa mheántéarma agus san fhadtéarma a fhorbairt don Chontae agus do cheantair áitiúla trí chomhairliúchán a dhéanamh leis an bpobal. Cinntíonn sé seo go ndéantar forbairt a phleanáil de réir na bprionsabal de phleanáil mhaith, inbhuanaitheacht agus treoirlínte náisiúnta.
2 Cinntí pleanála a dhéanamh bunaithe ar na pleananna thuasluaite.
3 Imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt neamhúdaraithe agus dul i mbun ionchúisimh nuair is gá agus
4 Aitheantas, cosaint, caomhnú agus feabhsú oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

An tAonad um Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe,
Urlár na Talún, Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Tá 2 chuntar phoiblí ann:

- Cuntar Pleanála Ginearálta do cheisteanna ginearálta
- Cuntar nua níos lú d'Iarratais Nua le hiarratais phleanála nua a dhéanamh

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag an gCuntar Pleanála:
  Luan, Máirt, Déar & Aoine: 9.00rn - 4.00in
  Céad: 10.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir phleanála 091 509308. Rachaidh tú isteach i gcóras scuaine agus beidh t-oibritheoir leat chomh luath agus is féidir. Tá na línte gutháin ar oscailt ó 9.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in.
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** planning@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/
- **Facs** ag 091 509199

Cineálacha Cead Pleanála

Cead Imlíne
Is cineál ceada é seo i bprionsabal amháin agus ní gá go mbeadh mion-líníochtaí ag gabháil leis.

Cead i ndiaidh Cead Imlíne a bheith faighte (Cead Iarmhartach)
Déantar an t-iarratas seo tar éis cead imlíne a fháil agus ní mór é a chur isteach taobh istigh de 3 bliana ón dáta go bhfuair tú cead imlíne. Beidh gá le mion-líníochtaí agus pleananna den fhorbairt atá molta.

Cead
Beidh gá le mion-phleananna agus na sonraí go léir den fhorbairt atá molta don iarratas seo.

Cead Coinneála
Tá gá leis an iarratas seo nuair rinneadh forbairt neamhúdaraithe.

An tSeirbhís Tuarascálacha Réamhphleanála

Má tá suim agat i suíomh faoi leith, is féidir leat úsáid a bhaint as ár seirbhís tuarascálacha réamhphleanála saor in aisce. Ní mór duit léarscáil den suíomh le himlíne dhearg timpeall air, ainm an bhaile fearainn, do shonraí teagmhála agus sonraí ábhartha eile a chur faoi bhráid na hOifige Pleanála. Gheobhaidh tú tuarascáil scríofa ar ais a thabharfaidh eolas ginearálta ar do shuíomh chugat.

Seirbhís Comhairle Réamhphleanála

Tugaimid comhairle réamhphleanála go rialta de réir coinne ag Áras an Chontae, ag Oifigí Cathartha Bhéal Átha na Sluaighe agus go míosúil sa Ghaeltacht. Ba chóir go mbeadh iarratas déanta agat ar thuarascáil réamhphleanála cheana féin agus go mbeadh sí faighte ar ais agat sa phost. Le coinne a dhéanamh le pleanálaí, cuir glaoch ar 091 509308 agus luaigh d'uimhir thagartha ón tuarascáil réamhphleanála.

Siopa Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis

Tá ceadúnas againn le léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis a dhíol don phobal, i bhformáid dhigiteach nó i bhformáid eile. Le dul i dteagmháil leis an Siopa Léarscáileanna, cuir glaoch ar 091 509151.

Comhad Pleanála a Ordú & a Bhreathnú

Is féidir le duine ar bith comhad pleanála a bhreathnú, bíodh sé sean nó nua. Is féidir iarratais phleanála nua a bhreathnú san oifig pleanála ón dáta ar a bhfaightear iad agus déantar iad a scanadh agus a chur ár láithreán gréasáin taobh istigh de choicís (féach an córas fiosraithe pleanála). Toisc go bhfuil teorainn ar stóráil, de ghnáth caithfear comhaid phleanála atá níos sine ná 4 mhí d'aois a ordú roimh ré chun iad a bhreathnú ag an gcuntar poiblí. Cuir glaoch ar 091 509308 nó cuir ríomhphost chuig planning@galwaycoco.ie le comhad pleanála a ordú.

Tráchtaireacht a dhéanamh ar Iarratas Pleanála

Is féidir le duine ar bith tráchtaireacht a dhéanamh ar iarratas pleanála. Caithfear an tráchtaireacht a dhéanamh i bhfoirm scríofa taobh istigh de 5 seachtaine tar éis an iarratas a bheith faighte ag an Oifig Pleanála agus caithfear táille bheag a íoc.

Córas Fiosraithe Pleanála

Is féidir breathnú ar iarratais phleanála (sean & nua) ar an láithreán gréasáin. Is féidir leat zúmáil chuig an suíomh atá uait nó cuardach a dhéanamh de réir ainm an Bhaile Fearainn nó na huimhreach iarratais phleanála. Chun úsáid a bhaint as an gcóras fiosraithe pleanála, logáil isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/ agus gliogáil ar chóras fiosraithe pleanála ar thaobh na láimhe clé den leathanach.

Achomharc a dhéanamh i gCoinne Chinneadh an Údaráis Phleanála

Is féidir leis an iarrthóir ar chead pleanála, aon duine a rinne tráchtaireacht scríofa faoi iarratas pleanála nó úinéir talún tadhlaí (má thugtar cead dó nó di achomharc a dhéanamh), achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála taobh istigh de 4 seachtaine ón dáta ar an ndearna an Oifig Pleanála an cinneadh. Le dul i dteagmháil leis an mBord Pleanála, logáil isteach ar www.pleanala.ie nó cuir glaoch ar 1890 275 175 (Íosghlao) nó (01) 858 8100.

Fógra Tosach Feidhme A

Nuair atá cead pleanála faighte agat, caithfidh tú fógra 14 lá ar a laghad a thabhairt go bhfuil sé ar intinn agat tosú ar an bhforbairt trí fhoirm d'fhógra tosach feidhme atá ar fáil ón oifig pleanála a chomhlánú.

Seimineáir Phleanála

Reáchtálaimid Seimineár Pleanála bliantúil chun plé a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla a bhaineann le pleanáil agus forbairt. Chun féachaint ar chuir i láthair a rinneadh ag seimineár a bhí againn cheana, logáil isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/ nó cuir glaoch ar an Oifig Pleanála ag 091 509308 le fiosrúchán a dhéanamh faoi sheimineáir phleanála amach anseo.

Seirbhísí Pleanála Eile

Is féidir na nithe seo a leanas a fháil ón oifig pleanála freisin:

- Iarratas ar Dhispeansáid nó Maolú ó Riachtanas de chuid na Rialachán Foirgníochta
- Iarratas ar Dheimhniú Díolúine ó Fhorálacha Alt 96 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000
- Iarratas ar Fhorbairt Dhíolmhaithe a Dhearbhú faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000
- Iarratas ar Shíneadh nó Síneadh Breise Tréimhse Fheidhme Cead Pleanála
- Iarratas ar Cheadúnú Comharthaí, Fearas, Struchtúr etc faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000

- Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990
- Iarratas ar Fhorbairt Tithíochta a Thógáil i gCúram
- Foirm Riachtanais Tithíochta Tuaithe do Gach Duine Fásta ar Leith Bainteach le hIarratas ar Thithíocht Tuaithe
- Foirm do Theach Feirme Nua
- Ceistneoir maidir le Teach Clainne Breise
- Ceistneoir maidir le hAthsoláthar Tí atá ar Dhrochchaighdeán
- Umar Seipteach: Tuairisc ar Mheasúnú Oiriúnachta Suímh
- Fógra Suímh Samplach
- Ábhar agus sonraí atá riachtanach d'fhógra i nuachtán
- Liosta de na táillí pleanála

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le rud ar bith thuasluaite, téigh i dteagmáil le:

Teil: 091 509308
Ríomhphost: planning@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/

Forbairt Neamhúdaraithe A

Deirtear go bhfuil forbairt neamhúdaraithe nuair:

- Atá gá le cead pleanála ach níl sé faighte nó
- Tugadh cead pleanála ach níor cloíodh leis na pleananna molta agus/nó na coinníollacha a bhí ag gabháil leis an gcead pleanála.
- Ní chomhlíonann sé na coinníollacha agus srianta uile a bhfuil gá leo chun go mbeadh sé ina fhorbairt díolmhaithe.

Má tá tú ag iarraidh tuairisc a thabhairt ar fhorbairt neamhúdaraithe amhrasta, téigh i dteagmháil le:

Rannóg Forfheidhmithe, An tAonad um Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe.

Teil: 091 509156 / 509154 / 509160
Ríomhphost: planning@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/

Pleananna Forbartha

Tugann **Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe** treoir tríd is tríd dúinn faoi threo & creatlach do phleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae. Beidh an plean atá againn faoi láthair bailí go dtí 2009. Tosaíodh ar dhréachtú plean nua i mí Aibreáin 2008 agus cuirfear fógraí i nuachtáin áitiúla ag céimeanna éagsúla den phróiseas dréachtaithe mar chuireadh don phobal a dtuairimí a nochtadh. Clúdóidh an plean nua seo an tréimhse ó 2009 - 2015.

Tugann reachtaíocht pleanála cead don Chomhairle **Pleananna Ceantair Áitiúil** a chruthú do Bhailte le daonra níos mó ná méid áirithe.

Chun do thuairimí a nochtadh faoi shaincheisteanna Pleanála sa Chontae agus go hÁitiúil, déan teagmháil le:

Rannóg Tul-Phleanála, An tAonad um Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe.

Teil: 091 509121 / 509174
Ríomhphost: planning@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Pleanail/

Caomhantas

Cabhraíonn ár nOifigeach Caomhantas Ailtireachta linn aire a thabhairt d'oidhreacht thógtha Chontae na Gaillime agus lena chois sin, tugann sí seirbhís chomhairleach ar fáil d'iarratasóirí pleanála nuair is gá.

Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar líne ag www.galway.ie/en/Services/Conservation/ nó is féidir glaoch a chur ar 091 509197:

Clár Scileanna Caomhantais, Treoir Dea-Chleachtais do Shuirbhé agus Measúnacht Ailtireachta, Tuairisc Oifigiúil ar Struchtúir atá faoi Chosaint, Treoirlínte Caomhantas Ailtireachta agus Treoir faoi Struchtúir atá faoi Chosaint i gContae na Gaillimhe.

Deontais Chaomhantais A €

Tá deontais ar fáil do chaomhnú struchtúr atá faoi chosaint. De ghnáth, déantar iad a fhógairt i mí Eanáir gach bliain.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Chaomhantas, déan teagmháil le:

Oifigeach Caomhantas Ailtireachta, an tAonad um Phleanáil & Forbairt Inbhuanaithe.

Teil: 091 509197
Ríomhphost: planning@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/en/Services/Conservation/

Teach ceann tuí i gCinn Mhara atá ina Struchtúr Cosanta

Oidhreacht

Bíonn an tOifigeach Oidhreachta ag obair chun suim, oideachas, eolas agus bród as oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Cuireann an tOifigeach Oidhreachta seirbhís chomhairleach ar fáil d'iarratasóirí pleanála nuair is gá.

Deontais Oidhreachta

Is féidir le grúpaí pobail iarratas a dhéanamh ar dheontais do thionscnaimh oidhreachta a thairbhíonn nó a bhaineann le gné amháin ar a laghad den oidhreacht. Déantar oidhreacht a shainmhíniú mar: séadchomharthaí, ábhair seandálaíochta, ábhair oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid raice, geolaíocht, páirceanna oidhreachta, gairdíní agus uiscebhealaí intíre. De ghnáth, déantar na deontais seo a fhógairt i mí Eanáir gach bliain.

Duaiseanna Oidhreachta

Reáchtálann an Chomhairle Clár Duaiseanna Bliantúil d'Oidhreacht an Chontae mar aitheantas ar na hiarrachtaí agus rannchuidithea deimhneacha déanta ag indibhidí agus pobail a chuireann oidhreacht an Chontae chun cinn ar bhealach éigin. Déantar iarratais ar ainmniúcháin a fhógairt i mí Aibreáin/Bealtaine gach bliain.

Duaiseanna & Féilire Shlí Dhúlra na Gaillimhe

Tá Duaiseanna Shlí Dhúlra na Gaillimhe ina chomhthionscnamh le Comhlacht Forbartha Tuaithe na Gaillimhe chun deis a sholáthar do phobail an oidhreacht agus áilleacht nádúrtha atá ar a mbóithre áitiúla tuaithe a léiriú. Déantar féilire a chur le chéile ag deireadh na bliana a léiríonn oidhreacht shaibhir na slite a roghnaítear. Déantar na hiarratais ar ainmniúcháin a fhógairt i mí Aibreáin/Bealtaine gach bliain.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Oidhreacht, déan teagmháil le:

Oifigeach Oidhreachta, An tAonad um Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe.

Teil: 091 509198
Ríomhphost: planning@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Oidhreacht/

2007 Buaiteoirí Shlí Dhúlra na Gaillimhe: Cluain Fearta.
An pictiúr buaiteach thuas agus an duais á glacadh thíos.

Céard atá ar bun againn?

Is é cuspóir an Aonaid Tithíochta tacaí tithíochta éagsúla a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil d'acmhainn acu tithíocht a sholáthar dóibh féin. Tugtar tacaíocht do dhaoine atá ag iarraidh teach a fháil ar cíos, cóiríocht a thogáil/ceannach nó feabhas a chur ar an tithíocht atá acu. Soláthraímid tacaí éagsúla dár dtionóntaí, dár n-eastáit Chomhairle agus do bhaill an Lucht Taistil freisin.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

An tAonad Tithíochta,
1ú Urlár, Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag an gCuntar Tithíochta Luan - Aoine 9.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an uimhir dhíreach atá tugtha do gach seirbhís. Tá na línte fóin ar oscailt go dtí a 5.00in.
- **Ríomhphost** housing@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/
- **Facs** ag 091 509299

Is féidir leat freisin glaoch a chur ar an bpríomhuimhir tithíochta agus an tseirbhís atá uait a roghnú ansin:

Diailigh 091 509300 agus

Brú 1 do:	Iarratais Thithíochta
Brú 2 do:	Iasachtaí Tithíochta & Deontais
Brú 3 do:	Cíosanna Tithíochta
Brú 4 do:	Cothabháil Tithíochta
Brú 5 do:	Tithíocht ar Phraghas Réasúnta
Brú 6 do:	Scéim um Chóiríocht ar Cíos
Brú 7 do:	Tógáil Tithe

Roghanna Maidir le Tithíocht a Fháil ar Cíos

Tithíocht Údaráis Áitiúil

Má tá teach de dhíth ort agus mura bhfuil d'acmhainn agat é a fháil duit féin, féadfaidh tú bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar thithíocht údaráis áitiúil. Den chuid is mó, is tithíocht scéime atá ann ach is féidir leis bheith faoin tuaith má tá suíomh agat, nó má tá fáil agat ar shuíomh.

Tithíocht Dheonach

Oibrímid leis Comhlachtaí Deonacha Tithíochta chun cóiríocht a sholáthar ar cíos do chatagóirí faoi leith daoine i.e. daoine scothaosta, daoine a bhfuil cóiríocht tacaithe de dhíth orthu, srl. Más mian leat a bheith i do chónaí i dteach deonach, caithfidh an Chomhairle d'iarratas a cheadú i dtosach báire.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Thithíocht Údaráis Áitiúil & Dheonach, déan teagmháil le:

Teil: 091 509265 / 509269 / 509268
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Tithíocht Údaráis Áitiúil i dTuaim

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) A

Má tá tú ag fáil forlíonadh cíosa le níos mó ná 12 mhí anuas agus tá riachtanas tithíochta fadtéarmach, seans go bhfuil tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Déanann an Chomhairle conradh a shíniú leis an tiarna talún chun cóiríocht a thabhairt ar cíos do dhaoine atá ina teideal.

Chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le d'incháilitheacht don RAS, déan teagmháil le:

Teil: 091 509293 / 509294 / 509011
Ríomhphost: ras@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Caighdeáin do Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Faoi Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 1993, tá ceangal dlí ar thiarnaí talún a chinntiú go bhfuil an teach atá acu ag cloí le híoschaighdeáin áirithe. Mura gcomhlíonann an teach na caighdeáin sin, is féidir an tiarna talún a thabhairt os comhair na cúirte, i ndiaidh don Chomhairle cigireacht a dhéanamh ar an teach.

Le tuilleadh eolais a fháil ar na Caighdeáin do Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos, déan teagmháil le:

Teil: 091 509293 / 509294 / 509011
Ríomhphost: ras@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Clárú Cóiríochta Príobháidí ar Cíos

Caithfidh tiarnaí talún tionóntachtaí atá laistigh de raon feidhme an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 a chlárú leis an An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) - tá cúpla eisceacht bheag ann ón ngá le bheith cláraithe. Soláthraíonn an PRTB seirbhís réitigh díspóidí agus eolas ginearálta ar na riachtanais dlíthiúla atá ar an tiarna talún / tionónta freisin.

Le tuilleadh eolais a fháil ar conas do theach a chlárú, déan teagmháil le:

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Raghnallach, BÁC 6.

Teil: 01 8882960 (eolas ar chlárú)
01 8882834 (eolas ar dhíospóidí)
Ríomhphost: prtb@environ.ie
Idirlíon: www.prtb.ie

Roghanna do Theach a Cheannach

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí A

Má tá tú i do thionónta i dteach de chuid na Comhairle ar feadh 1 bhliain ar a laghad, is féidir leat iarratas a dhéanamh chun an teach a cheannach ón gComhairle. Beidh an praghas ceannaigh bunaithe ar mhargadhluach an tí sa deisriocht ina bhfuil sé faoi láthair lúide lascaine atá bunaithe ar líon na mblianta atá caite agat mar thionónta sa teach sin. Is féidir leat morgáiste a fháil go príobháideach nó ón gComhairle leis an teach a cheannach.

Le tuilleadh eolais a fháil ar an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí, déan teagmháil le:

Teil: 091 509264
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Tithíocht ar Phraghas Réasúnta A

Is éard is Teach ar Phraghas Réasúnta ná teach/árasán a cheannaíonn tú ar lascaine ón margadhphraghas. Braitheann an praghas seo ar an gceantar ar mhian leat cónaí ann, agus ar mhéid agus saghas an tí ar phraghas réasúnta atá ar fáil. Má dhéanann tú é a dhíol taobh istigh de 20 bhliain, beidh ort céatadán den phraghas díola a íoc ar ais ag an gComhairle.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Thithíocht ar Phraghas Réasúnta:

Teil: 091 509266 / 509026
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Tithíocht ar Phraghas Réasúnta i dTuaim

Scéim Comhúinéireachta A

Is éard atá i gceist leis seo ná nuair atá úinéireacht an tí roinnte idir tú féin agus an Chomhairle i dtosach báire. Tá iallach ort 40% den teach ar a laghad a cheannach agus is féidir leat an chuid eile ansin a fháil ar cíos ón gComhairle. Caithfidh tú scair na Comhairle a cheannach scun scan taobh istigh de thréimhse 25 bliana.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Chomhúinéireacht, déan teagmháil le:

Teil: 091 509270 / 509271
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Iasacht ón Údarás Áitiúil A

Más rud é nach bhfuil tú in ann iasacht a fháil ó ghníomhaireacht iasachta tráchtála, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar iasacht ón údarás áitiúil chun teach a thógáil nó a cheannach. Braitheann méid na hiasachta a cheadófar ar theorainneacha ioncaim agus cúinsí eile.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Iasachtaí ón Údarás Áitiúil, déan teagmháil le:

Teil: 091 509270 / 509271
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Roghanna i leith Feabhsúcháin Tí

Iasacht Feabhsúchán Tí A

Úsáidtear Iasacht Feabhsúchán Tí chun feabhsúcháin riachtanacha a chur i bhfeidhm ar theach duine i gcás go gcuirfidh na hoibreacha a dhéanfar feabhas suntasach ar dhálaí maireachtála sa teach.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Iasachtaí Fheabhsúchán Tí:

Teil: 091 509270 / 509271
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Oibreacha Feabhsúcháin in ionad Tithíocht ón Údarás Áitiúil

Más leat do theach féin ach go bhfuil sé i ndroch-deisreachta, seans go bhfuil tú i dteideal iasachta ón gComhairle chun do theach a uasghrádú chuig caighdeán oiriúnach in áit don Chomhairle teach a sholáthar duit. Beidh na haisíocaíochtaí iasachta bunaithe ar an ioncam teaghlaigh agus ar chostas na n-oibreacha.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 509265 / 509269 / 509268
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Deontas do Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta A €

Tá an deontas seo ar fáil le cabhair a thabhairt do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí i dtithe le droch-bhail orthu na hoibreacha nó feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin Deontas seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 509267
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Deontas d'Athchóiriú Tithíochta A €

Soláthraíonn an deontas seo cabhair airgid le hoiriúnuithe struchtúracha a dhéanamh ar theach chun go mbeadh sé níos oiriúnaí do dhuine faoi mhíchumas i.e. rampaí rochtana a sholáthar, áiseanna leithris thíos staighre, ardaitheoirí staighre, cithfholcadáin inrochtana, oiriúnuithe chun bealach isteach do chathaoireacha rothaí a éascú, forleathnú ar fhoirgnimh, srl.

Deontas do Chabhair Luaineachta A €

Tá an deontas seo ar fáil chun déileáil le fadhbanna luaineachta agus clúdaíonn sé oibreacha cosúil le greimráillí, rampaí rochtana, cithfholcadán inrochtana le boinn chothroma, ardaitheoirí staighre agus mion-oibreacha eile ar gá leo chun cabhrú le riachtanais luaineachta duine den teaghlach.

Le tuilleadh eolais a fháil ar an Deontas d'Athchóiriú Tithíochta agus an Deontas do Chabhair Luaineachta, déan teagmháil le:

Teil: 091 509263
Ríomhphost: housing@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Tithiocht/

Céard atá ar bun againn?

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as dearadh, cothabháil agus feabhsú an líonra de bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae. Tá baint againn freisin le gnóthaí a bhaineann le Bonneagar Mara, Sábháilteacht Bóthair, Sláinte & Sábháilteacht agus Draenáil Artaireach.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

An tAonad Bóithre & Iompair,
2ra Urlár, Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag an gCuntar Poiblí do Bhóithre
  Luan - Aoine: 9.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir Bhóithre ag 091 509309.
  Tá na línte fóin ar oscailt go dtí a 5.00in.
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** roads@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/
- **Facs** ag 091 509059

Seachród Bhaile Locha Riach

Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta (NRDO)

Tá Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta freagrach as bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar na príomhthionscnaimh bhóithre náisiúnta atá san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus Transport 21, lena n-áirítear an N6 Gaillimh / Béal Átha na Sluaighe / Áth Luain, N18 Órán Mór / An Gort / Croisín, N17 Gaillimh / Tuaim agus tionscadail bhainteacha eile.

Cá bhfuil Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta lonnaithe?

Oifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta (NRDO),
Corporate House,
Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh,
Baile an Bhriotaigh, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil le hOifig Dearaidh na mBóithre Náisiúnta?

Cuairt a thabhairt:	Ar an oifig phoiblí i mBaile an Bhriotaigh Luan - Aoine 9.00rn - 12.55in & 2.10in - 4.00in
Cuir glaoch ar:	Príomhuimhir NRDO 091 705387
Ríomhphost:	nrdo@galwaycoco.ie
Idirlíon:	www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Feistiú Luaimh

Soláthraímid tuairim is 60 feistiú do luaimh in 8 áit faoi leith timpeall ar chósta an Chontae, lena n-áirítear: Cloch na Rón, Bá na Faiche, An Líonán, Cill Chiaráin, An Clochán, An Máimín, Cill Rónáin agus Sruthán.

Is féidir úsáid a bhaint as na feistithe luaimh seo ar tháille ainmniúil.

Le tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Teil:	091 509309
Ríomhphost:	roads@galwaycoco.ie
Idirlíon:	www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach as clár leathan de thionscnaimh shábháilteachta bóthair a chomhordú cosúil le:

An Scéim um Maor Scoile Sóisearach

Dearadh an Scéim um Maor Scoile Sóisearach chun trasbhealaí sábháilte a sholáthar gar do bhunscoileanna i mbailte agus sráidbhailte tuaithe ina bhfuil luasteorainn de 50 cm/u cois scoile. Is féidir le scoileanna iarratas scríofa a sheoladh chuig an Aonad Bóithre agus Iompair chun go measúnófar a n-incháilitheacht don scéim.

Clár Oiliúna Rothaíochta

Cuirimid clár oiliúna rothaíochta chun cinn i scoileanna ar fud an Chontae. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo scileanna a thabhairt do pháistí óga chun cabhrú leo rothaíocht go sábháilte agus cuirtear béim faoi leith ar chlogaid a chaitheamh.

Scannáin ar Shábháilteacht ar na Bóithre

Sheol an Chomhairle scannán beoite bunaithe ar shábháilteacht ar na bóithre dar teideal *'Go nÉirí an Bóthar Leat'.* Tá sé mar aidhm ag an scannán seo meas ar shábháilteacht ar bhóithre a spreagadh i leanaí a fhanfaidh leo go deo. Tá leagan Béarla den scannán ar fáil freisin. Bhí an scannán *'Ó Aois go hAois'* seolta ag an gComhairle agus é mar aidhm aige feasacht a ardú i ndaoine níos sine faoi shábháilteacht ar bhóithre.

Tá cóipeanna de na scannáin seo ar fáil do scoileanna agus grúpaí pobail ábhartha arna n-iarraidh.

Bandaí Muinchille / Ábhar Frithchaiteach

Dáilimid bandaí muinchille agus greamáin agus ábhar frithchaiteach eile saor in aisce ar scoileanna, grúpaí pobail srl. le bheith úsáidte ag coisithe agus rothaithe.

Seó Sábháilteacht Bhóthair

Eagraímid Seó Sábháilteacht Bhóthair Bhliantúil de ghnáth i nDeireadh Fómhair / Samhain. Tugtar cuireadh do na scoláirí uile sna blianta sinsearacha agus san idirbhliain agus do ghrúpaí ógtheagmhála ó Chathair agus ó Chontae na Gaillimhe le bheith linn. De ghnáth, cloiseann scoláirí scéalta ó na Gardaí, pearsanra otharchairr, Oifigeach Dóiteáin na Gaillimhe, comhairleach timpistí & éigeandála, agus ó mharthanóirí agus daoine muinteartha d'íospartaigh a maraíodh ar na bóithre. Is é aidhm an tionscnaimh seo ná feasacht a ardú i measc an aosa óig maidir le sábháilteacht ar na bóithre sula dtosaíonn siad ag tiomáint.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Shábháilteacht ar Bhóithre, déan teagmháil le:

Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, An tAonad Bóithre & Iompair

Teil: 091 509360
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Seó Sábháilteacht Bhóthair 2007

Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair A €

Déanann an pobal áitiúil agus an Chomhairle a gcuid acmhainní a chomhthiomsú (50% an ceann) chun feabhas a chur ar bhóithre feiliúnacha áitiúla agus chun oibreacha a chothabháil orthu. Go hiondúil, lorgaítear iarratais ar an scéim seo i mí Mheán Fómhair gach bliain chun go ndéantar breithniúchán orthu ag brath ar an maoiniú atá ar fáil.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin scéim seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 509372
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil A €

Tá an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ann chun feabhas a chur ar bhóithre neamh-phoiblí agus droichid bheaga atá ag freastal ar thailte feirme, portaigh srl. Tá gá le ranníocaíocht de 10% nó 15% de chostas measta an tionscadail. Déantar na hiarratais a fháil agus a próiseáil go leanúnach agus má tá an scéim incháilithe, cuirtear ar liosta tosaíochta é.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin scéim seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 509362
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Comharthaí Pobail-ar-Aire

Is éard atá anseo ná nuair atá baill den phobal áitiúil ag iarraidh ceantair phobail ar aire a chruthú le tacaíocht ó na Gardaí. Déantar comharthaí a chrochadh in áiteanna éagsúla sa cheantar chun a chur in iúl go bhfuil ceantar pobail ar aire bunaithe ann. Déanann an pobal áitiúil na comharthaí agus na cuaillí a sholáthar agus déanann an Chomhairle iad a chur in airde saor in aisce.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Chomharthaí Pobail-ar-Aire, déan teagmháil le:

Teil: 091 509309
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Scéim Fostaíochta Pobail

Oibríonn an Chomhairle le FÁS agus le grúpaí pobail áitiúla chun pobail a fheabhsú trí obair a dhéanamh i.e. bearradh fálta, tógáil ballaí cloiche agus tionscnaimh eile a fheabhsaíonn an baile nó an sráidbhaile.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 509360
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Ceadúnais Pháirceála do Chónaitheoirí A

Eisíonn an Chomhairle Ceadúnais Pháirceála do Chónaitheoirí d'úinéirí feithiclí a bhfuil cónaí orthu de ghnáth in áiteanna nach bhfuil páirceáil siar ón tsráid ar fáil iontu agus ar gá dóibh páirceáil i limistéir pháirceála íoca.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi cheadúnais pháirceála, déan teagmháil le:

Teil: 091 509309
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Seirbhísí Iompair & Bóithre Eile

Is féidir na seirbhísí seo a leanas a fháil ón Aonad Bóithre & Iompair freisin:

- Iarratas ar Cheadúnas Speisialta (Feithicil a Sháraíonn an tUasmheáchan & na hUastoisí Socraithe)
- Iarratas ar Dhúnadh Sealadach Bóthair
- Iarratas ar Athrú Feithicle (Ceadúnas Páirceála)
- Iarratas ar Athnuachan Ceadúnas Páirceála
- Iarratas ar Chlársconsa, Claí nó Scafall a chur suas ar Shráid
- Iarratas ar Lántoil/Cheadúnas le Bóthar Poiblí a Oscailt

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 509309
Ríomhphost: roads@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/BoithreIompar/

Céard atá ar bun againn?

Bíonn an tAonad Comhshaoil ag plé le bainistiú dramhaíola, feasacht agus oideachas ar an gcomhshaol, forfheidhmiú i leith an chomhshaoil, bainistíocht bruscair, monatóireacht ar chaighdeán uisce, truailliú torainn & aeir, reiligí, tránna le bratach ghorm, láithreáin dhearóile, láithreáin champála & carbhán, feithiclí tréigthe, smacht ar mhadraí agus leas ainmhithe.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

An tAonad Comhshaoil,
2ra Urlár, Ionad Centrepoint,
Páirc Ghnó na Leasa Bháin,
Gaillimh.

Úsáid an seoladh poist seo le do thoil:

An tAonad Comhshaoil,
f/ch Comhairle Contae na Gaillimhe,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag an gCuntar Comhshaoil i Lios Bán
  Luan - Aoine 9.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir Chomhshaoil 091 476402.
  Tá na línte fóin ar oscailt go dtí a 5.00in
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** environment@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/
- **Facs** ag 091 769590

Cén Chaoi le Gearán Comhshaoil a Dhéanamh

Is féidir gearán a dhéanamh maidir le ceann ar bith de na nithe seo a leanas:

- Bruscar a Chaitheamh & Dumpáil Mhídhleathach
- Truailliú Uisce
- Truailliú Torainn
- Truailliú Aeir
- Loscadh sa Chúlchlós
- Feithiclí Tréigthe
- Struchtúir Chontúirteacha

Le gearán a dhéanamh téigh i dteagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Soláthar Reilige

Is breá leis an gComhairle comhpháirtíocht a dhéanamh le grúpaí áitiúla a dhéanann oibreacha forbartha iad féin le cúnamh ón gComhairle. Tá soláthar agus síneadh reilige ag brath ar rialacháin phleanála.

Deontais d'Oibreacha Cothabhála Reilige €

Is féidir le grúpaí deonacha iarratas a dhéanamh ar dheontais chothabhála nach mó ná €1,000 i leith caiteachais ar chothabháil reilige.

Le tuilleadh eolais a fháil ar sholáthar agus cothabháil reilige, déan teagmháil le:

Teil: 091 476476
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Athchúrsáil Dramhaíola

Tá ionaid athchúrsála ag Comhairle Contae na Gaillimhe sa Chlochán, i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe. Is féidir nithe cosúil le gloine, earraí leictreacha, dramhaíl ghuaiseach ón mbaile, plaisteach srl. a athchúrsáil ag na hIonaid Athchúrsála. Le bhur dtoil, cuir glaoch ar an uimhir atá luaite chun a fháil amach cé na nithe a athchúrsáiltear.

Ionaid Athchúrsála

Ionad Athchúrsála	Áit	Uaireanta Oscailte	Teagmháil
Ionad Athchúrsála Chathartha an Chlocháin	Bóthar na Gaillimhe, An Clochán	**Luan & Sath:** 8.30rn - 4.30in (Seachas Laethanta Saoire Bainc)	095 30958
Ionad Athchúrsála Chathartha Thuama	Bóthar Bhaile Átha an Rí, Tuaim	**Luan - Déar:** 8.30rn - 4.30in **Aoine & Sath:** 8.30rn - 4.00in	093 26438
Ionad Athchúrsála Bhéal Átha na Sluaighe	Láithreán Líonta Poolboy, Béal Átha na Sluaighe	**Máirt, Déar & Sath:** 8.30rn - 4.30in (Seachas Laethanta Saoire Bainc)	09096 44533

Bancanna Tabhartais

Tá 92 suíomh Bancanna Tabhartais ag an gComhairle faoi láthair le hathchúrsáil a dhéanamh ar ghloine agus cannaí dí ar fud an Chontae.

Chun eolas a fháil ar shuíomh an Bancanna Tabhartais is giorra duit, déan teagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Ceadúnais & Ceada Dramhaíola

Tá gá le ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) do ghnóthaí dramhaíola ar mhórscála. Caithfear cead dramhaíola a fháil ón gComhairle do ghnóthaí beaga.

Ceadúnais do Bhailitheoirí Dramhaíola

Má tá tú ag baint úsáide as seirbhísí curtha ar fáil ag bailitheoir dramhaíola príobháideach déan cinnte go bhfuil ceadúnas dleathach do bhailitheoirí dramhaíola aige nó aici. Tá sé in aghaidh an dlí do mhuintir an phobail a gcuid dramhaíola a thabhairt do bhailitheoirí gan cheadúnas reatha do bhailitheoirí dramhaíola.

Le tuilleadh eolais ar cheada dramhaíola, déan teagmháil le:

Teil: 091 476479
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Gradaim Chomhshaoil an Chontae

Eagraímid Scéim Gradaim Comhshaoil sa Chontae gach bliain le haitheantas a thabhairt do ghrúpaí deonacha ar fud an Chontae a dhéanann iarracht feabhas a chur ar an gcomhshaol timpeall orthu agus chun buíochas a ghabháil leo. Déantar an scéim a fhógairt i mí na Bealtaine/Meitheam de ghnáth agus lorgaítear iarratais ansin. Déantar cigireacht ar na hiarratais go léir agus tugtar na gradaim de bharr leibhéal na hiarrachta agus an chroídhíchill.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na duaiseanna seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 476492
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Tionscnaimh in Aghaidh an Bhruscair A €

Déanaimid cómhaoiniú ar thionscnaimh áitiúla chun oideachas a chur ar an bpobal faoi bhruscar agus chun feasacht ar bhruscar a ardú. Tugtar cuireadh do bhaill an phobail, indibhidí agus grúpaí araon (de ghnáth i Lúnasa/Meán Fómhair) tionscnaimh fheiliúnacha in aghaidh an bhruscair a mholadh le haghaidh maoinithe. Is féidir deontas suas le 70% den chostas iomlán a fháil do gach tionscnamh agus déantar an fuílleach a íoc le ranníocaíocht áitiúil.

Le breis eolais a fháil ar an gcaoi le páirt a ghlacadh, déan teagmháil le:

Teil: 091 476485
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Glantachán Náisiúnta Earraigh

Glacaimid páirt ghníomhach sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh i gcomhar le Taisce chun tacú le pobail agus chun iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i nglantacháin áitiúla.

Le glantachán a eagrú nó páirt a ghlacadh ann, déan teagmháil le:

Teil: 091 476485
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Glantachán Náisiúnta Earraigh 2007

Scoileanna Glasa

Is tionscnamh idirnáisiúnta é Tionscnamh na Scoileanna Glasa chun ról scoile maidir leis an gcomhshaol a spreagadh agus a aithint. Tugann tionscnamh na Scoileanna Glasa deis do scoileanna cleachtais chomhshaoil a spreagadh agus a chur i bhfeidhm ó lá go lá ar scoil. Is clár agus scéim dámhachtainí é Scoileanna Glasa. Is féidir le scoil ar bith páirt a ghlacadh sa chlár ag baint úsáide as treoirlínte faoi leith. Tabharfar duais do scoileanna atá in ann na 7 gcéim den chlár a chomhlíonadh.

Chun eolas a fháil ar an mbealach le do scoil a chur san áireamh, déan teagmháil le:

Teil: 091 476485
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Tá níos mó na 100 scoil sa Chontae atá i ndiaidh Dhuais na Scoileanna Glasa a bhaint amach.

Múiríniú

Is bealach an-eacnamaíoch é múiríniú baile le laghdú ar líon na dramhaíola a chuireann tú chuig an líonadh talún. Tá dramhaíl orgánach feiliúnach do mhúiríniú, lena n-áirítear torthaí, cosamar glasraí amha, málaí tae agus blaoscanna uibhe. Tá múiríneoirí baile le fáil uainn ar chostas íseal.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi mhúiríniú, déan teagmháil le:

Teil: 091 476478
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Comórtas na mBailte Slachtmhara A €

Tugaimid tacaíochta do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara chun cabhrú leo i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Chomh maith le bheith ag obair le grúpaí sonracha, déanaimid imeachtaí a eagrú a chabhraíonn go mór leis na grúpaí bailte slachtmara uile sa Chontae.

Má tá do ghrúpa ag iarraidh níos mó eolais a fháil ar na Bailte Slachtmhara, déan teagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Tránna le Bratach Ghorm

Tugtar an Bhratach Ghorm do thránna agus muiríní a bhaineann sraith áirithe critéar amach, cosúil le heolas agus oideachas ar an gcomhshaol, cáilíocht uisce, sábháilteacht agus seirbhísí agus bainistíocht comhshaoil.

Chun eolas a fháil ar na tránna ag a bhfuil stádas na Brataí Goirme acu faoi lathair, déan teagmháil le:

Teil: 091 476492
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Dámhachtain an Chósta Ghlais

Is éard atá i nDámhachtain an Chósta Ghlais ná duais nua a thacaíonn le Dámhachtain na Brataí Goirme. Tugann sé aitheantas do thránna ag a bhfuil cáilíocht uisce snámha ag caighdeán an AE, ach freisin go bhfuil an-cháil orthu as ucht a dtimpeallacht nádúrtha, gan mhilleadh. Aithníonn an dámhachtain an baint atá ag an bpobal i mbainistíocht an chósta agus tugann sé faoi deara nach mbíonn an leibhéal céanna infreastruchtúir agus dianbhainistíochta ag tránna áirithe agus a bhíonn ag tránna i dtrá-bhailte uirbeacha, traidisiúnta.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Dámhachtain an Chósta Ghlais, déan teagmháil le:

Teil: 091 476492
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Áiteanna & Struchtúir Chontúirteacha

Tá sé de chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir agus áiteanna atá contúirteach nó atá i mbaol a bheith contúirteach don phobal nó do réadmhaoin eile. Is féidir Fógra a sheirbheáil ar úinéir foirgneamh/struchtúr den chineál sin chun iallach a chur air/uirthi oibreacha a dhéanamh ar an suíomh.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Ceadúnú Láithreáin Champála & Charbhán

Eisímid ceadúnais go bliantúil i leith suíomh a bhíonn ag feidhmiú mar láithreáin champála agus charbhán. Déantar na hiarratais a mheasúnú le cinntiú go bhfuil na suímh ar an gcaighdeán éilithe.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476481
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Ceadúnú Substaintí Contúirteacha A

Tá de chumhacht ag an gComhairle ceadúnais a eisiúint d'áitribh a dhíolann substaintí contúirteacha, stáisiúin pheitril don chuid is mó.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Rialú & Feabhsú Láithreán Dearóil

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle clár na láithreán dearóil a chruthú agus a choinneáil. Déantar iniúchadh ar gach tuairisc a fhaightear maidir le láithreán dearóil agus nuair is féidir teacht ar an úinéir, déantar fógra a sheirbheáil chun obair a dhéanamh leis an láithreán dearóil a réiteach.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476481
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Leas Ainmhithe

Tá ár seirbhís tréidliachta freagrach as leas ainmhithe i roinnt limistéar, lena n-áirítear:

- Leas ainmhithe roimh a marú i seamlas
- Leas caorach i gcásanna de ghalar scrathach caorach
- Leas madraí
- Leas capall
- Leas na n-ainmhithe go léir

Gach bliain i nGaillimh tá roinnt mhaith ionsaithe ar chaoirigh déanta ag madraí go háirithe timpeall ar aimsir na n-uan. Más leat madra nó madraí, tá sé de dhualgas ort faoin reachtaíocht:

- Do mhadra a choinneáil faoi smacht an t-am ar fad.
- Déanamh cinnte go bhfuil gach madra faoi do chúram ag caitheamh coiléir le hainm agus seoladh an úinéara air i gcónaí agus gur féidir an t-ainm agus an seoladh a léamh.
- Go bhfuil ceadúnas reatha agat do gach madra faoi do chúram nó ceadúnas ginearálta a chlúdaíonn na madraí ar fad atá agat.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Leas Ainmhithe, déan teagmháil le:
An tSeirbhís Tréidliachta

Teil: 091 476496
Ríomhphost: vetservice@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiTreidliachta/

Smacht ar Mhadraí

Bíonn dualgais áirithe ar ár **Maoir Mhadraí**, lena n-áirítear:

- Madraí fánacha a urghabháil
- Cúram a thabhairt do mhadraí a urghabhadh
- Seiceáil i gcomhair ceadúnais mhadraí
- Bailte nua oiriúnacha a fháil do mhadraí feiliúnacha
- Teagmháil a dhéanamh le baill an phobail atá buartha faoi mhadraí fánacha / contúirteacha / nach bhfuil faoi smacht
- Fíneálacha ar an láthair a eisiúint

Cén chaoi le Ceadúnas Madra a fháil

Is féidir Ceadúnas Madra a fháil ó d'Oifig an Phoist Áitiúil.

Le tuilleadh eolais a fháil ar smacht ar Mhadraí, déan teagmháil le:

Teil: 091 476496
Ríomhphost: vetservice@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiTreidliachta/

Nó déan teagmháil leis an Maor Madraí i do cheantar:

An tUasal Sean Donohue	(Gaillimh Theas)	087 6784570
An tUasal Nicholas Byrne	(Gaillimh Thiar)	087 6993422
An tUasal Pat Fahy	(Gaillimh Thuaidh)	087 6295530

Seirbhísí Comhshaoil Eile

Is féidir na seirbhísí seo a leanas a fháil ón Aonad Comhshaoil freisin:

- Foirm Iarratais do chéad chlárú miondíoltóirí leis an údarás áitiúil (WEEE)
- Foirm Iarratais d'athchlárú miondíoltóirí leis an údarás áitiúil (WEEE)
- Iarratas ar cheadúnas le heisilteach trádála nó ábhar eile (seachas séarachas tí nó uisce stoirme) a scaoileadh.
- Iarratas ar cheadúnas le heisilteach trádála nó séarachas a scaoileadh isteach in uiscí
- Foirm Iarratais do Chéad Chlárú na dTáirgeoirí faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006
- Foirm Iarratais do'Athnuachan Cláraithe faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 476402
Ríomhphost: environment@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/

Céard atá ar bun againn?

Is í Comhairle Contae na Gaillimhe Údarás na Seirbhísí Uisce do Chontae na Gaillimhe ar fad, seachas an Chathair. Tá tuairim is 44 scéim soláthair uisce phoiblí á reachtáil againn, tugaimid tacaíocht do ghrúpscéimeanna uisce agus feidhmímid 26 scéim séarachais don phobal timpeall an Chontae.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

Aonad na Seirbhisí Uisce,
2ra Urlár, Ionad Centrepoint,
Páirc Ghnó na Leasa Bháin,
Bóthar Thuama,
Gaillimh.

Úsáid an seoladh poist seo le do thoil:

Aonad na Seirbhisí Uisce,
f/ch Comhairle Contae na Gaillimhe,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag an gCuntar do Sheirbhísí Uisce i Lios Bán Luan - Aoine 9.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir do Sheirbhísí Uisce 091 476401. Tá na línte fóin ar oscailt go dtí a 5.00in.
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** water@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/
- **Facs** ag 091 769590

Ceangal a dhéanamh le Scéim Séarachais Phoiblí

Déantar rialú ar cheangail leis na scéimeanna seo le cinntiú go bhfuil gach scéim ag feidhmiú taobh istigh den chumas atá aici. Má tá fonn ort iarratas a dhéanamh ar cheangal le séarach poiblí, caithfidh tú iarratas a dhéanamh trí Oifig Réigiúnach/Ceantair cuí na Comhairle (féach leathanach 9 i gcomhair liosta de na hOifigí Réigiúnacha/Ceantair). Beidh táille ceangail i gceist.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476401
Ríomhphost: water@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/

Scéim Séarachais Bhaile Locha Riach

Ceangal a dhéanamh le Scéim Soláthair Uisce Poiblí

Má tá fonn ort iarratas a dhéanamh ar cheangal le Scéim Soláthair Uisce Phoiblí faoi leith, caithfidh tú iarratas a dhéanamh trí Oifig Réigiúnach/Ceantair cuí na Comhairle (féach leathanach 9 i gcomhair liosta de na hOifigí Réigiúnacha/Ceantair). Beidh táille ceangail i gceist.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476401
Ríomhphost: water@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/

Grúpscéimeanna Uisce A

Tugaimid cúnamh do ghrúpaí ar ábhair a bhaineann le huasghrádú scéimeanna agus le scéimeanna atá ann cheana a thógáil i gcúram chomh maith le scéimeanna nua a sholáthar.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476401
Ríomhphost: water@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/

Deontas do Thoibreacha Aonair

Tá an Chomhairle sásta cabhrú le hindibhidí íoc as na costais thabhaítear le tobar a sholáthar dá dteach. Tá coinníollacha faoi leith ag baint leis seo.
Ní bhaineann sé le tithe ina bhfuil soláthar uisce poiblí nó grúpscéim le fáil cheana féin nó inar mbeadh sé sách éasca iad a fháil.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476401
Ríomhphost: water@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/

Sábháilteacht Uisce a Chur Chun Cinn i gContae na Gaillimhe

Déanaimid feasacht ar shábháilteacht uisce a chur chun cinn le cabhair ó Choiste ar Shábháilteacht Uisce Chontae na Gaillimhe a fheidhmíonn faoi stiúir Shábháilteacht Uisce na hÉireann. Go hiondúil, déantar cúrsaí ar shábháilteacht uisce a reáchtáil sa samhradh ar Inis Mór, Inis Meáin, Inis Oírr, Corr na Móna, An Cheathrú Rua, Tír an Fhia, Port Omna, Baile Locha Riach, An Clochán agus ar thrá Bhóthar na Trá. Bíonn cúrsaí ar fáil ag Leisureland, Gaillimh agus i nDroichead an Chláirín gach Domhnach ó Dheireadh Fómhair go Meitheamh. Déantar gardaí tarrthála a fhostú le linn séasúr snámha an tsamhraidh ag láthreacha éagsúla sa Chathair agus sa Chontae.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Shábháilteacht Uisce, déan teagmháil le:

An tOifigeach Forbartha Sábháilteacht Uisce

Teil: 087 2477765
Ríomhphost: general@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/AiseannaagusTaitneamhacht/

Seirbhísí Uisce Eile A

Déanann an tAonad Seirbhísí Uisce na nithe seo a leanas a sholáthar freisin:

- Iarratas ar cheadúnas le heisilteach trádála nó ábhar eile (seachas séarachas tí nó uisce stoirme) a scaoileadh sa séarach
- Iarratas ar cheadúnas le heisilteach trádála nó séarachas a scaoileadh in uiscí

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 476401
Ríomhphost: water@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiUisce/

Seirbhísí Dóiteáin na Gaillimhe

Céard atá ar bun againn?

Soláthraíonn Seirbhísí Dóiteáin na Gaillimhe seirbhísí do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe agus tá siad freagrach as:

- Smachtú dóiteán agus seirbhísí tarrthála
- Sábháilteacht dóiteáin sa Phobal
- Seirbhísí teicniúla um chosc dóiteáin
- Pleanáil d'éigeandálaí móra

Cá bhfuilimid lonnaithe?

Tá Ceannáras na Seirbhíse Dóiteáin lonnaithe ag Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe ar Bhóthar an Athar Ó Gríofa. San iomlán tá 10 stáisiún dóiteáin i lárionaid daonra ar fud an chontae - tá an Ceannáras i nGaillimh atá in Stáisiún Dóiteáin lánaimseartha/ coinnithe agus is Stáisiúin coinnithe iad na stáisiúin uile eile. Tá na Stáisiúin sin lonnaithe i mBaile Átha an Rí, Baile Locha Riach, Tuaim, Béal Átha na Sluaighe, An Creagán, Port Omna, An Gort, An Clochán agus i gCill Rónáin.

Freagraíonn an Seirbhís Dóiteáin do ghlaoanna éigeandála cibé an dóiteáin, timpiste bóthair, timpiste tráchta agus timpistí eile atá i gceist.

Is iad 999 nó 112 na huimhreacha éigeandála.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** ag Ceannáras na Seirbhíse Dóiteáin ar Bhóthar an Athar Ó Gríofa ó 9.10rn - 12.55in & 2.10in - 5.00in
- **Cuir glaoch** ar Cheannáras na Seirbhíse Dóiteáin ag 091 585555
- **Ríomhphost** fireservices@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/SolatharSeirbhisiMuchtaTineagusTarrthala/
- **Facs** ag 091 588342

Seirbhísí Cosanta / Coisc

Is féidir bearta coisc dóiteáin agus bearta cosanta dóiteáin a thabhairt isteach ar chostas íseal. Déanfaimid óráidí / taispeántais a eagrú ag ionaid áitiúla do ghrúpaí deonacha & pobail. Is féidir bileoga maidir le Sábháilteacht Dóiteáin a bhailliú ag do stáisiún dóiteáin áitiúil nó iad a fháil tríd an bpost.

Tá sé mar aidhm againn cuairt a thabhairt ar gach Bunscoil Náisiúnta sa Chontae suas go dtí rang a 4 mar chuid den Tionscnamh Scoile do Shábháilteacht Dóiteáin Phobail.

I gcomhar leis an Aonad Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta, táimid ag iarraidh aláraim dheataigh a shuiteáil i dtithe atá i mbaol timpeall an Chontae.

Cosaint Shibhialta

Tá an Chomhairle freagrach as an tseirbhís Cosanta Sibhialta i gceantair éagsúla sa Chathair agus sa Chontae. Tá Oifigeach na Comhairle ar Chosaint Shibhialta lonnaithe i gCeannáras na Seirbhíse Dóiteáin agus is oibrithe saorálacha iad gach duine eile de phearsanra na Cosanta Sibhialta.

Is iad na príomhseirbhísí a sholáthraíonn pearsanra na Cosanta Sibhialta ná:

- Garchabhair agus seirbhís otharchairr
- Seirbhísí Maoirseachta
- Cúnamh a thabhairt i gcás éigeandálaí m.sh. tuile, timpistí, aslonnú agus éigeandálaí eile.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Chosaint Shibhialta, déan teagmháil le:

Teil: 091 585555
Ríomhphost: civildefence@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/SolatharSeirbhisiMuchtaTineagusTarrthala/

Céard atá ar bun againn?

Tá 30 leabharlann san iomlán ag Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe idir Chathair agus Chontae. Tógadh le sainchuspóir na 3 leabharlann lán-aimseartha atá sa Chathair. Déanann an Chomhairle Contae iad a reáchtáil ar son na Comhairle Cathrach. Tá 7 leabharlann lán-aimseartha eile agus 20 leabharlann páirt-aimseartha sa Chontae (ar na hOiléain freisin). Tugann seirbhís leabharlainne soghluaiste leabhair ag na bailte agus sráidbhailte beaga sa chontae. Tá seirbhís leabharlainne do scoileanna ann freisin a sholáthraíonn leabhair do níos mó ná 200 bunscoil.

Bíonn na leabharlanna páirteach i scéimeanna cosúil leis an gclár "National READISCOVER your Local Library". Is feachtas é seo a bhíonn ar siúl ag tús mhí an Mhárta ar feadh seachtaine nuair a thugann údair éagsúla cuairt ar na leabharlanna, léann siad píosaí dá leabhair agus déantar leabhair a phoibliú. Bíonn Club Léitheoireachta Samhraidh don aos óg ag beagnach gach leabharlann bhrainse. Go hiondúil bíonn sé seo ar fáil i mí Lúil agus Lúnasa agus tugtar misneach do gach páiste chun méid áirithe leabhar a léamh le linn na laethanta saoire. Glacann gach leabharlann páirt sa tSeachtain Náisiúnta um Leabhair do Pháistí a bhíonn ar siúl i mí Dheireadh Fómhair go hiondúil. Bíonn club leabhar agus taispeántais ar siúl i roinnt mhaith leabharlainne. Déan teagmháil le do leabharlann áitiúil le ceist a chur faoi imeachtaí atá ag teacht aníos agus ballraíocht.

Cá bhfuilimid Ionnaithe?

Ceannáras na Leabharlainne,
Island House,
Cearnóg na hArdeaglaise,
Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn ag Ceannáras na Leabharlainne?

- **Buail isteach** againn ag Island House 9.25rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in
- **Cuir glaoch** ar an gCeannáras ar 091 562471
- **Ríomhphost** info@galwaylibrary.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/AnLeabharlann/
- **Facs** a chur ag ceannáras na leabharlainne ag 091 565039

Féach ar na sonraí teagmhála díreacha don leabharlann i do cheantar. Tá na leabharlanna liostaithe in ord aibítreach. Féadfaidh uaireanta oscailte athrú ag am ar bith. Déan cinnte glaoch a chur ar an leabharlann ar dtús leis na huaireanta oscailte a sheiceáil.

Leabharlann Bhaile Átha an Rí,

Príomhshráid,
Baile Átha an Rí.

Teil: 091 845592
Ríomhphost: athenry@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 3.00in - 6.00in & 7.00in - 8.00in,
Céad & Sath: 3.00in - 5.30in,
Aoine: 10.30rn - 12.30in

Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe,

An Fhaiche, Béal Átha na Sluaighe.

Teil: 090 96 43464
Ríomhphost: ballinasloe@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Luan:** 2.00in - 5.00in,
Máirt & Déar: 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 8.00in,
Aoine & Sath: 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

Leabharlann an Bhaile Bháin,

Comharsanacht an Bhaile Bháin,
Bóthar Pháirc an Chaisleáin,
Cathair na Gaillimhe.

Teil: 091 380590
Ríomhphost: ballybane@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt - Sath:** 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

---

Leabharlann Bhéal Átha Ghártha,

An Chearnóg,
Béal Átha Ghártha.

Teil: 090 66 24919
Ríomhphost: ballygar@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Sath:** 11.00rn - 1.00in
Céad & Sath: 2.00in - 4.00in,
Déard: 4.00in - 6.00in

Leabharlann na Ceathrún Rua,

An Scailp Chultúrtha,
An Cheathrú Rua.

Teil: 091 595733
Ríomhphost: ancheathrurua@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 8.00in,
Céad & Aoine: 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 6.00in,
Sath: 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

Leabharlann an Chlocháin, An Phríomhshráid,

An Clochán.

Teil: 095 21092
Ríomhphost: clifden@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Luan & Céad:** 2.30in - 6.00in & 6.30in - 8.30in,
Máirt, Déard & Sath: 10.30rn - 1.00in & 2.30in - 6.00in, **Aoine:** 10.30rn - 1.00in & 2.30in - 6.00in & 6.30in - 8.30in

Leabharlann an Dúin Mhóir,

An Phríomhshráid, Dún Mór.

Teil: 093 38923
Ríomhphost: dunmore@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.30in - 5.00in & 6.00in - 8.00in,
Céad: 11.30rn - 1.30in,
Aoine & Sath: 11.30rn - 1.30in & 2.30in - 5.30in

Leabharlann Dhún an Uchta, Príomhshráid, Dún an Uchta.

Teil: 090 96 75056
Ríomhphost: eyrecourt@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.00in - 4.00in,
Céad: 6.00in - 8.00in,
Aoine & Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann Chathair na Gaillimhe,

Sráid Naomh Agaistín,
Cathair na Gaillimhe.

Teil: 091 561666
Ríomhphost: galway@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Luan:** 2.00in - 5.00in,
Máirt - Déar: 11.00rn - 8.00in,
Aoine & Sath 11.00rn - 5.00in

(Dúnann Leabharlann na bPáistí ag a 5in gach lá)

Leabharlann Ghleann na Madadh, An Phríomhshráid,

Gleann na Madadh.

Teil: 094 96 59734
Ríomhphost: glenamaddy@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt, Céad & Aoine:** 2.30in - 4.30in,
Déar: 5.00in - 7.00in,
Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann an Ghoirt, An Phríomhshráid, An Gort.

Teil: 091 631224
Ríomhphost: gort@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt:** 2.30in - 5.30in & 6.30in - 8.00in,
Céad: 2.30in - 5.30in,
Déar: 10.30rn - 1.00in,
Aoine: 11.00rn - 1.00in & 2.30in - 5.30in,
Sath: 11.00rn - 1.00in & 2.30in - 5.30in

Leabharlann Átha Cinn, Bóthar an tSéipéil, Áth Cinn.

Teil: 093 36406
Ríomhphost: headford@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.30in - 5.00in &
6.00in - 8.00in,
Céad: 11.30rn - 1.30in,
Aoine: 11.30rn - 1.30in &
2.30in - 5.00in,
Sath: 11.30rn - 1.30in & 2.30in - 4.00in

Leabharlann Inis Meáin, Inis Meáin, Oileáin Árainn.

Teil: 099 73126
Ríomhphost: inismeain@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.30in - 4.30in,
Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann Inis Oírr, Inis Oírr, Oileáin Árainn.

Teil: 099 75008
Ríomhphost: inisoirr@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.30in - 4.30in,
Sath: 12.00in - 2.00in

Leabharlann Inis Bó Finne, Inis Bó Finne.

Teil: 095 45861
Ríomhphost: inishbofin@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Céad:** 5.00in - 7.00in,
Déar: 10.30rn -12.30in,
Sath: 2.00in - 4.00in

Leabharlann Chill Ímomair,

Ionad Oidhreachta,
An Phríomhshráid, Cill Ímomair.

Teil: 090 96 76062
Ríomhphost: killimor@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt:** 6.00in - 8.00in,
Céad & Déar: 2.00in - 4.00in,
Aoine: 10.00rn - 12.00in,
Sath: 4.00in - 6.00in

Leabharlann Inis Mór, Cill Rónáin, Inis Mór.

Teil: 099 20937
Ríomhphost: inismor@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Aoine:** 2.00in - 4.00in**;**
Céad: 11.00rn - 1.00in,
Déar: 6.00in - 8.00in,
Sath: 12.00in - 2.00in

Leabharlann an Líonáin, An Líonáin.

Teil: 095 42920
Ríomhphost: leenane@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Céad:** 6.00in - 8.00in,
Déar: 2.00in - 4.00in
Aoine: 10.30rn -12.30in,
Sath: 12.00in - 2.00in

Leabhar Leitir Fraic, Ionad Troscáin, Leitir Fraic.

Teil: 095 41660 ex.24
Ríomhphost: letterfrack@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 5.30in - 7.30in,
Céad & Aoine: 2.00in - 4.00in,
Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann Bhaile Locha Riach

Sráid an tSéipéil,
Baile Locha Riach.

Teil: 091 847220
Ríomhphost: loughrea@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 8.00in,
Céad & Aoine: 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 6.00in,
Sath: 10.30rn -1.00in & 2.00in - 5.00in

Seirbhís Leabharlainne Soghluaiste

Déanann an Leabharlann Shoghluaiste 68 cuairt gach coicís. Tá réimse leathan leabhar ann agus tá sé chomh breá, geal istigh ann gur mór an pléisiúr é a bheith ag breathnú ar leabhair istigh ann, go háirithe ar na leabhair do pháistí.

Le fáil amach an stadann seirbhís na Leabharlainne Soghluaiste i ngiorracht duit, déan teagmháil le:

Teil: 091 562471
Ríomhphost: mobile@galwaylibrary.ie

Leabharlann an Mhaí Locha, An Phríomhshráid, Maigh Locha.

Teil: 090 96 79073
Ríomhphost: moylough@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Luan, Máirt & Aoine:** 3.00in - 5.00in,
Céad: 4.30in - 6.30in,
Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann Óráin Mhóir,

Príomhshráid,
Órán Mór.

Teil: 091 792117
Ríomhphost: oranmore@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt, Aoine & Sath:** 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in,
Céad & Déar: 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 8.00in

Leabharlann Uachtar Ard, An Phríomhshráid, Uachtar Ard.

Teil: 091 557002
Ríomhphost: oughterard@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt, Déar & Aoine:** 2.00in - 4.00in & 7.00in - 9.00in,
Céad & Sath: 11.00rn - 1.00in

Leabharlann Phoirt Omna,

An Phríomhshráid, Port Omna

Teil: 090 9741261
Ríomhphost: portumna@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Luan & Céad:** 2.00in - 5.30in & 6.30in - 8.30in,
Máirt & Déar: 9.30rn - 1.00in & 2.00in - 5.30in,
Aoine: 9.30rn - 1.00in & 2.00in - 5.30in & 6.30in - 8.30in,
Sath: 11.00rn - 1.00in & 2.30in - 5.30in

Leabharlann Chloch na Rón,

Radharc na Mara,
Cloch na Rón.

Teil: 095 35518
Ríomhphost: roundstone@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Céad & Aoine:** 3.00in - 5.30in,
Déar: 5.30in - 8.00in,
Sath: 11.00rn - 1.30in

Leabharlann an Spidéil, An Sráidbhaile, An Spidéal.

Teil: 091 504028
Ríomhphost: anspideal@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 2.30in - 5.00in,
Céad & Aoine: 10.00rn - 12.00in &
7.00in - 9.00in,
Sath: 10.00rn - 12.00in & 3.00in - 5.00in

Leabharlann Thír an Fhia, Tír an Fhia, Leitir Móir.

Teil: 091 551610
Ríomhphost: tiernea@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Aoine:** 2.00in - 5.00in,
Sath: 2.30in - 4.30in

Leabharlann Thuama, An Phríomhshráid, Tuaim.

Teil: 093 24287
Ríomhphost: tuam@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte: **Máirt & Déar:** 10.30rn -1.00in &
2.00in - 8.00in,
Céad & Aoine: 10.30rn - 1.00in &
2.00in - 6.00in,
Sath: 10.30rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

Leabharlann Westside,

Bóthar Shéamus Uí Chuirc,
Westside,
Cathair na Gaillimhe.

Teil:	091 520616
Ríomhphost:	westside@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte:	**Máirt & Céad:** 11.00rn - 8.00in, **Déar & Aoine** 11.00rn - 5.00in, **Sath**: 11.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in

---

Leabharlann na Gráige, An Phríomhshráid, An Ghráig.

Teil:	090 9749200
Ríomhphost:	woodford@galwaylibrary.ie
Uaireanta Oscailte:	**Máirt & Céad:** 2.30in - 4.30in, **Déar**: 6.00in - 8.00in**,** **Aoine:** 11.00rn - 1.00in, **Sath:** 10.00rn - 12.00in

---

Seirbhísí Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta

Céard atá ar bun againn?

Tá sí mar aidhm ag an Aonad Pobail, Fiontar agus Forbartha Eacnamaíochta ról an Údaráis Áitiúil a leathnú agus carbhú le Bord Forbartha Contae na Gaillimhe.

Tá sí mar aidhm ag Bord Forbartha Contae na Gaillimhe seirbhísí sa Chontae a chomhordú ar bhealach níos fearr. Tá ionadaithe ón Rialtas Áitiúil, ó Fhorbairt Áitiúil, ó Gníomhaireachtaí Rialtais agus ó na Comhpháirtithe Sóisialta ina mbaill den Bhord. Chun comhtháthú seirbhísí a bhaint amach i gContae na Gaillimhe, tá an Bord i mbun Stráitéis 10 mbliana a chur i bhfeidhm chun forbairt pobail, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a fheabhsú.

Cá bhfuilimid lonnaithe?

An tAonad Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta,
Póirse Uimh 2, 1d Urlár (cois Westdoc),
Páirc Ghnó na Leasa Bháin,
Bóthar Thuama, Gaillimh.

Úsáid an seoladh poist seo a leanas le do thoil:
An tAonad Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta,
Comhairle Contae na Gaillimhe, f/ch Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** againn i Lios Bán - Luan - Aoine 9.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir ar 091 746860
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** pobail@gaillimhcoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/
- **Facs** ag 091 779082

Seirbhísí Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta

Fóram an Phobail

Bunaíodh Fóram Pobail Chontae na Gaillimhe in 2000 chun glór láidir agus éifeachtach a thabhairt don phobal agus don earnáil dheonach. Faoi láthair, tá níos mó ná 600 grúpa Pobail agus Deonacha cláraithe leis an bhFóram. Is iad na príomhbhuntáistí a bhaineann le bheith mar bhaill an Fhóraim Phobail ná:

- Rannpháirteachas i gceapadh beartais toisc go bhfuil baill an Fhóraim ionadaithe ar bhoird/coistí éagsúla.
- Déantar eolas a roinnt agus déantar líonrú le grúpaí eile
- Coigiltis árachais

Chun do ghrúpa Deonach/Pobail a chlárú saor in aisce, déan teagmháil le:

Comhordaitheoir an Fhóraim Phobail

Teil: 091 746868
Ríomhphost: forampobal@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

CLÁR

Is clár infheistíochta é CLÁR do limistéir iargúlta faoi mhíbhuntáiste. Soláthraíonn sé clár infheistíochta spriocdhírithe i limistéir iargúlta faoi mhíbhuntáiste chun dul i ngleic le fadhbanna cosúil le bánú na tuaithe agus le laghdú agus ganntanas seirbhíse i limistéir iargúlta faoi leith.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Teil: 091 746866
Ríomhphost: pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/ nó www.pobail.ie

Seirbhísí Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Is é príomh-ról an Aonaid ná beartais agus cleachtais a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chomhtháthú in obair laethúil na Comhairle agus oibriú le heagraíochtaí eile chun cabhrú leis an gComhairle dul i ngleic le heisiamh sóisialta.

Chun níos mó a fhoghlaim faoin Aonad um Chuimsiú Sóisialta, déan teagmháil le:

Teil: 091 746866 / 746871
Ríomhphost: pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Bunaíodh an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Spóirt chun spórt agus caitheamh aimsire a chomhordú agus a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil. Déanfar é seo a bhaint amach trí chláir a sholáthar chun rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú, chun traenáil agus oideachas a sholáthar d'oibrithe deonacha agus chun forbairt spóirt ag leibhéal átiúil a chomhordú.

Le tuilleadh eolais a fháil ar mhodhanna le spórt a fhorbairt i do cheantar, déan teagmháil le:

An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Teil: 091 746862 / 746861
Ríomhphost: sports@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Spoirt/

RAPID

Is éard atá i RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) ná tionscnamh de chuid an Rialtais atá dírithe ar na 45 limistéar uirbeach is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír.
I gContae na Gaillimhe, tá bailte Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe ainmnithe mar cheantair RAPID.

Le tuilleadh eolais a fháil ar RAPID déan teagmháil le:

Teil:	091 746873 (Comhordaitheoir RAPID Bhéal Átha na Sluaighe)
Teil:	087 2839719 (Comhordaitheoir RAPID Thuama)
Ríomhphost:	pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon:	www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

Rinneadh an síneadh ar Fhoirgneamh Naomh Uinseann de Pól ar Sráid na hlubhaile, Béal Átha na Sluaighe in 2007 a mhaoiniú trí chlár RAPID Bhéal Átha na Sluaighe.

An Comórtas Mórtas Ceantair

i gcomhar le Comhoibriú Éireann

Tá Mórtas Ceantair ina thionscnamh uile-oileáin a aithníonn na feabhsuithe atá déanta ag pobail áitiúla chun mórtas cathartha a chruthú ina gceantar. Díríonn na dámhachtainí ar theacht le chéile an phobail chun a gceantar a mhúnlú agus a athrú agus chun taitneamh a bhaint as gach rud atá go maith faoi.

Is féidir leis an gComhairle suas le 5 ghrúpa pobail a ainmniú. Déanfar na buaiteoirí i ngach catagóir a chur ar aghaidh don Chomórtas Náisiúnta Mórtais Cheantair i gcomhar le Comhoibriú Éireann.

Le tuilleadh eolais ar an gcaoi le páirt a ghlacadh sna dámhachtainí seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 746860 / 746869
Ríomhphost: pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/
nó prideofplace.cooperationireland.org/

Ba hiad Cluain Bheirn buaiteoirí iomlána an Chomórtais Náisiúnta Mórtais Cheantair i gcomhar le Comhoibriú Éireann in 2007

Seirbhísí Pobail, Fiontar & Forbartha Eacnamaíochta

Scéim Cúnaimh Airgid do Sheirbhísí Bunaithe ar Chonláistí A €

Is é príomhchuspóir na scéime seo na cabhair airgeadais a sholáthar go ghrúpaí pobail chun conláistí agus seirbhísí pobail a fheabhsú. I measc na dtionscadal a d'fhéadfadh bheith incháilthe don scéim seo tá feabhsú áiseanna pobail, cosaint nó feabhsú conláistí nádúrtha nó lámhdhéanta nó feabhsú dealramh timpeallachta nádúrtha / tógtha an cheantair i gceist agus maoiniú do dhífhibrileoir. Go hiondúil, déantar an deontas seo a fhógairt i mí Eanáir gach bliain.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin scéim seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 746864
Ríomhphost: pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

Scéim Cúnaimh Airgid do Sheirbhísí Bunaithe ar an Eacnamaíocht A €

Tá tacaíocht airgid ar fáil d'eagraíochtaí pobail/deonacha a bhfuil baint acu le cur chun cinn fhorbairt eacnamaíochta na háite. Is féidir tacaíocht a fháil do thionscnaimh cosúil le forbairt a dhéanamh ar aonaid bheaga ghnó, tionscnaimh iompair phobail, tionscadail um fhorbairt chultúrtha srl. Déantar na deontais seo a fhógairt i mí Eanáir gach bliain go hiondúil.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin scéim seo, déan teagmháil le:

Teil: 091 746864
Ríomhphost: pobail@gaillimhcoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

An Oifig Ealaíon

Tá sé mar phríomhchuspóir againn rochtain ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu a chinntiú, trí shamhlacha agus cuir chuigí a fhorbairt do bheith ag obair le daoine aonair, le healaíontóirí agus le pobail áitiúla, le gníomhaireachtaí stáit agus le gníomhaireachtaí áitiúla.

Deontas faoin Acht Ealaíon

Is deontas é seo chun cúnamh airgeadais a thabhairt do thionscadail nó imeachtaí a spreagann spéis an phobail sna healaíona nó a chuireann eolas, tuiscint agus cleachtadh na n-ealaíon chun cinn nó a chuireann feabhas ar chaighdeáin na nEalaíon i gContae na Gaillimhe. Go hiondúil, déantar an deontas seo a fhógairt i mí Eanáir gach bliain.

Deontais Sparántachta d'Ealaíontóirí Aonair

Tugann an sparántacht seo maoiniú d'Ealaíontóirí aonair. Déanfaidh an Chomhairle sparánachtaí a thairiscint i ndáil le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí aonair a bhíonn ag obair i gceann ar bith de na disciplíní ealaíonta (Scannán, Litríocht, Ceol, Amharcealaíona srl). Déantar an dámhachtain seo a fhógairt faoi dhó gach bliain go hiondúil i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh.

Gradaim Ealaíon Chontae na Gaillimhe

Leis na Gradaim Ealaíon, déantar an méid a chuireann baill an phobail leis na hEalaíona a cheiliúradh. Gach bliain, bronntar gradam ar an ngrúpa nó ar an duine is mó i ngach toghcheantar a chuireann leis na hEalaíona. Sa bhreis air seo, tá gradam amháin ann don mhórghníomh is fearr sna healaíona, an tSár-Dhuais. Bíonn foirmeacha ainmniúcháin ar fáil gach Aibreán d'obair atá aitheanta don bhliain roimhe.

Chun páirt a ghlacadh sna hEalaíona, déan teagmháil leis an Oifigeach Ealaíon ag:

Teil: 091 746877
Ríomhphost: artsoffice@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/OifigEalaine/

Club Snagcheoil na Gaillimhe ag seinm in Áras an Chontae.

Ealaín Phoiblí

Cuireann ár gclár ealaíne poiblí feabhas ar spás poiblí agus ar eispéireas cultúrtha pobal sa Chontae trí chuidiú le gach aonad sa Chomhairle, le hEalaíontóirí agus le Pobail dea-chleachtas in ealaín phoiblí a fhorbairt agus trí iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhforbairt an dea-chleachtais sin.

Le tuilleadh eolais ar ealaín phoiblí féach ar na treoirlínte náisiúnta ag www.publicart.ie/irish.html nó déan teagmháil leis an Oifigeach Ealaíon Poiblí ag:

Teil: 091 746874
Ríomhphost: artsoffice@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/OifigEalaine/

Céard atá ar bun againn?

Bíonn an tAonad Airgeadais ag plé le hairgeadas oibríochtaí uile na Comhairle, ioncam agus caipiteal san áireamh. Mar sin, déanann sé monatóireacht ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

An tAonad Airgeadais,
Póirse Uimh 2 (os cionn Westdoc),
1ú Urlár,
Páirc Ghnó na Leasa Bháin,
Bóthar Thuama,
Gaillimh.

Tá Oifig an Airgid Ionnaithe ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. Glactar le híocaíochtaí ar sheirbhísí anseo.

Úsáid an seoladh poist seo a leanas le do thoil:
An tAonad Airgeadais, Comhairle Contae na Gaillimhe,
f/ch Áras na Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** againn i Lios Bán - Luan go Aoine
  9.00rn - 1.00in & 2.00in - 5.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimhir Airgeadais ar 091 746800
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** finance_staff@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar
  www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/Airgeadais/
- **Facs** ag 091 779067

Cuntais Iníoctha

Déanann Rannóg na gCuntas Iníoctha gach íocaíocht leis an lucht a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí do Chomhairle Contae na Gaillimhe a phróiseáil go lárnach. Tá siad freagrach as deontais, fóirdheontais agus íocaíochtaí comhchosúla a phróiseáil freisin.

Is féidir le soláthraithe a bhfuil sonrasc bailí curtha isteach acu cheana féin agus ar mhiste leo ceist a chur faoi íocaíocht, dul i dteagmháil le:

Teil: 091 746829 / 746830 / 746831 / 746825
Ríomhphost: accountspayable2@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/Airgeadais/

Rátaí

Is cáin réadmhaoine áitiúil iad na rátaí seo, úsáidtear an t-ioncam uathu chun seirbhísí ginearálta a sholáthar sa Chontae. Caithfear rátaí a íoc ar réadmhaoine trádála / tionsclaíocha agus ar réadmhaoine gnó eile.

Le teagmháil a dhéanamh le Rannóg na Rátaí:

Teil: 091 746850 / 746847 / 746851 / 746846
Ríomhphost: rates@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/Airgeadais/

Oifig an Airgid

Is féidir leat do bhillí ón gComhairle / sonraisc, **seachas** muirir uisce tráchtála & mótarcháin, a íoc ag Oifig an Airgid. Tá an Oifig seo lonnaithe ar Urlár na Talún in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is féidir leat na modhanna seo a leanas a úsáid le do bhillí / sonraisc a íoc: Airgead Tirim, Seic, Ordú Poist, Dréacht Bainc, Cárta Creidmheasa agus Cárta Laser.

Le teagmháil a dhéanamh le hOifig an Airgid:

Teil: 091 509195 / 509394 / 509196 / 509132
Ríomhphost: income1@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/Airgeadais/
Facs: 091 509199

Aisíocaíochtaí Iasachta

Más rud é nach bhfuil tú in ann iasacht a fháil ó ghníomhaireacht iasachta tráchtála, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar iasacht ón údarás áitiúil chun teach a thógáil nó a cheannach. Braitheann méid na hiasachta a cheadófar ar theorainneacha ioncaim agus cúinsí eile. Bíonn an Rannóg Airgeadais ag déileáil le gach ceist maidir le haisíocaíochtaí iasachta. Is féidir aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh ag an deasc airgid - féach an nóta ar an oifig an airgid.

Má tá ceist agat faoi aisíocaíocht iasachta, déan teagmháil le:

Teil: 091 746845 / 746848
Ríomhphost: loans@galwaycoco.ie
Facs: 091 779067

Íocaíochtaí Ar Líne

Is féidir leat Fíneálacha Páirceála & Bruscair a íoc trí leas a bhaint as córas nua íocaíochta ar líne na Comhairle. Chun úsáid a bhaint as an gcóras seo, logáil isteach ar www.galway.ie/ga/IocaiochtaiArline/

Déanfaidh an rogha íocaíochta ar líne seo a leathnú i samhradh 2008 chun go mbeidh Rátaí agus Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta iníoctha ar líne.

Buiséad Bliantúil

Tá dualgas ar an gComhairle buiséad a réiteach agus a ghlacadh gach bliain. Tugann an buiséad seo cur síos ar an ioncam agus caiteachas measta don bhliain atá ag teacht.

Le cóip den Bhuiséad Bliantúil a fheiceáil, déan teagmháil le:

Teil: 091 746800
Ríomhphost: finance_staff@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/Airgeadais/

Céard atá ar bun againn?

Tá an tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha sa Chomhairle i bhfeighil ar sheirbhísí cosúil le Teicneolaíocht Faisnéise, Seirbhísí Leabharlainne, Saoráil Faisnéise, Clár na dToghthóirí, Caitheamh Aimsire agus Conláiste agus Deontais Ardoideachais. Tá an Roinn Acmhainní Daonna faoi stiúir an Aonaid um Ghnóthaí Corporáideacha agus Cultúrtha freisin.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha,
Comhairle Contae na Gaillimhe,
2ra Urlár, Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

Cén chaoi le dul i dteagmháil linn?

- **Buail isteach** againn in Áras an Chontae - Luan go Aoine 9.00rn - 4.00in
- **Cuir glaoch** ar an bpríomhuimher 091 509310. Tá na línte fóin ar oscailt go dtí a 5.00in.
- **Cuir glaoch** ar an uimhir theagmhála dhíreach má tá sé luaite leis an tseirbhís
- **Ríomhphost** general@galwaycoco.ie
- **Logáil** isteach ar www.gaillimh.ie
- **Facs** ag 091 509010

Earcaíocht A

Tá tuairim is 1450 duine fostaithe ag an gComhairle nuair a chuirtear foireann oifige agus allamuigh san áireamh. Tá an fhoireann lonnaithe ar fud an Chontae: in Áras an Chontae, Oifigí Réigiúnacha agus Ceantair, Comhairlí Baile, Leabharlanna agus sa tSeirbhís Dóiteáin. Tá grúpa leathan oibrithe fostaithe againn, san áireamh tá na gráid seo a leanas: Riarachán, Leabharlann, Oibrithe Sóisialta, Innealtóirí, Pleanálaithe, Ailtirí, Aturnaetha, Oifigigh Slainte & Sábháilteachta, Oifigigh Dóiteáin, Comhraiceoirí Dóiteáin, Teicneoirí agus Fostaithe Allamuigh. Déantar fógraí d'fholúntais a fhógairt go hiondúil i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla agus ar an suíomh idirlíon atá againn.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi fholúntais linn, déan teagmháil le:

An Roinn Acmhainní Daonna

Teil: 091 509460 / 509369
Ríomhphost: hr@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/Seirbhisi/SeirbhisiEile/

An Ghaeilge & Seirbhísí trí Mheán na Gaeilge

Tá an Ghaeltacht is mó sa tír i gContae na Gaillimhe agus tá méid suntasach custaiméirí a labhraíonn Gaeilge againn ar fud an Chontae. Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí mheán na Gaeilge agus cuirimid fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge. Tá ár bhfoirmeacha iarratais, an suíomh Gréasáin, na seirbhísí idirghníomhacha agus go leor seirbhísí eile ar fáil sa dhá theanga. Tá sonraí cruinne faoi sheirbhís do chustaiméirí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge le fáil inár Scéim Teanga.

Le tuilleadh eolais air seo, déan teagmháil le:

Oifigeach Forbartha na Gaeilge, An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509325
Ríomhphost: gaeilge@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.gaillimh.ie

Seirbhís do Chustaiméirí A

Cén chaoi le Gearán a dhéanamh nó Barúil a thabhairt

Más rud é nach bhfuil tú sásta le caighdeán/leibhéal na seirbhíse atá faighte agat agus tá fonn ort gearán a dhéanamh nó tuairim a thabhairt, is féidir leat:

1 **Foirm Ghearáin** a íoslódáil ón idirlíon ag www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/SeirbhisCustaimeara/, é a chomhlánú agus é a sheoladh chuig an Oifigeach um Sheirbhísí do Chustaiméirí san Aonad a raibh tú ag plé leis.
2 **Do ghearán a chur isteach ar líne** ag www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/SeirbhisCustaimeara/ trí ghliogáil ar “Tuairimí Custaiméirí Arlíne”. Déan an fhoirm a chomhlánú agus gliogáil ar “Seol”.
3 **Cuir glaoch** ar an Aonad ábhartha sa Chomhairle a raibh tú ag déileáil leis agus iarr ar fhoirm ghearáin a bheith seolta amach chugat. Ba chóir an fhoirm seo a thabhairt ar ais don Oifigeach um Sheirbhísí do Chustaiméirí sa Rannóg cuí.
4 **Cuairt** a thabhairt ar an Aonad agus foirm ghearáin a chomhlánú.

Déanfar an gearán a iniúchadh agus cuirfear scéala chugat taobh istigh de 15 lá oibre. Os rud é nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra, is féidir leat gearán breise a dhéanamh chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach in Aonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha na Comhairle.

Le cóip a fháil den Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí:

Teil: 091 509310
Ríomhphost: general@galwaycoco.ie
Idirlíon:
www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/SeirbhisCustaimeara/

Inrochtaineacht Sheirbhísí na Comhairle

Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar inrochtaineacht ár n-ionaid seirbhís poiblí, leabharlanna, áiseanna fóillíochta agus ionaid oidhreachta. Chomh maith leis seo, tá bearta tugtha isteach againn chun seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú trí rochtain níos fearr a thabhairt ar an eolas curtha ar fáil don phobal agus trí inrochtaineacht a fheabhsú i mbailte agus sráidbhailte an Chontae. Táimid tugtha freisin do thacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus do dhéileáil le haon cheist inrochtaineachta a thagann chun cinn.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

An tOifigeach Rochtana, An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil:	091 509315
Ríomhphost:	secretar@galwaycoco.ie
Idirlíon:	www.galway.ie/ga/Seirbhisi/PobalFiontarForbartEacnamaiocht/

Deontais Ardoideachais A €

Riarann an Chomhairle an Scéim Deontais Ardoideachais thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá an Scéim seo, atá tástáilte ó thaobh acmhainne, in ann cabhair a thabhairt do mhic léinn atá ag iarraidh maoiniú a fháil chun freastal ar oideachas 3ú leibhéal lán-aimseartha gach bliain. Bíonn foirmeacha iarratais ar fáil faoi mhí an Mheithimh / Iúil gach bliain agus is é an 31ú Lúnasa an spriocdháta deiridh de ghnáth.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na deontais seo, déan teagmháil le:

Deontais Ard-Oideachais, An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil:	091 509310
Ríomhphost:	education@galwaycoco.ie
Idirlíon:	www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Oideachas/DAO/

Ceadúnais Chorrthrádála A

Eisíonn an Chomhairle Ceadúnais Chorrthrádála do bhailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Tá táille ceadúnais bhliantúil i gceist. Eisíonn an Chomhairle Ceadúnais d'Ócáidí Speisialta le haghaidh féilte agus aontaí a bhíonn ar siúl i rith na bliana.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi na Ceadúnais seo, déan teagmháil le:

An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509327
Ríomhphost: general@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.gaillimh.ie

Saoráil Faisnéise

Bhunaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 3 cheart reachtúla nua:

- Ceart Dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil ar na taifid atá i seilbh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí áirithe, údaráis áitiúla san áireamh
- Ceart Dlíthiúil ag gach duine taifid oifigiúla a bhaineann leis/léi féin a fháil leasaithe i gcás go bhfuil siad neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- Ceart Dlíthiúil rochtain a fháil ar chúiseanna le cinntía bhfuil tionchar díreach acu ort féin.

Tá táille bheag i gceist le hiarratas a dhéanamh. De ghnáth caithfear cinneadh a dhéanamh ar d'iarratas taobh istigh de 4 seachtaine. Má dhéantar d'iarratas a dhiúltú, is féidir achomharc a dhéanamh chuig feidhmeannach níos sinsearaí, agus tá de cheart agat ina dhiaidh sin, achomharc a dhéanamh chuig an gCoiminiséir Faisnéise Neamhspleách.

Le tuilleadh eolais a fháil ar FOI, déan teagmháil le:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise, An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509319
Ríomhphost: secretar@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/

Áiseanna do Chaitheamh Aimsire & Conláiste

Soláthraímid agus coinneoimid roinnt clóis súgartha poiblí, páirceanna poiblí, linnte snámha agus bealaí siúil timpeall an Chontae. Tugaimid tacaíocht do ghrúpaí pobail freisin chun cabhrú leo clóis súgartha, bealaí siúil agus páirceanna uile-aimsire a sholáthar nuair atá maoiniú ar fáil.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Áiseanna do Chaitheamh Aimsire & Conláiste i do cheantar déan teagmháil le:

An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509315
Ríomhphost: general@galwaycoco.ie
Idirlíon:
www.galway.ie/ga/Seirbhisi/AiseannaagusTaitneamhacht/

Clós Súgartha i mBaile Locha Riach

Maoir Phobail

An ról atá ag an Maor Pobal ná naisc níos láidre a chruthú idir an Chomhairle agus an Pobal trí chaidrimh a fhorbairt le cumainn chónaitheoirí, grúpaí pobail, pobail ar aire agus grúpaí comhshaoil agus oidhreachta. Féach freisin ar www.galway.ie/ga/Seirbhisi/Timpeallacht/TionscnaimhPobail/.
Bíonn Maoir Phobail bainteach le:

- Cionta tráchta ar stad
- Diúscairt dramhaíola/ dumpáil mhídhleathach
- Cur i bhfeidhm dlíthe a bhaineann le bruscar
- Bacainní ar chosáin
- Corrthrádáil
- Ceadúnais Mhadra
- Monatóireacht ar eastáit tithíochta
- Nithe is díol spéise do thurasóirí & conláistí an phobail agus
- Cabhair a thabhairt do thurasóirí, daoine scothaosta, pobail ar aire/faire comharsanachta

Seo a leanas na háiteanna ina bhfuil na Maoir Phobail lonnaithe agus sonraí teagmhála dóibh:

Ainm	Teileafón	Ceantar
David Kelly	087 6788109	Toghcheantar Bhéal Átha na Sluaighe
Patrick Roche	087 2222393	Toghcheantar Bhéal Átha na Sluaighe
Thomas O Sullivan	087 2224251	Toghcheantar Chonamara
Martin Mannion	087 2227853	Toghcheantar Chonamara
Neil McHugh	087 2227856	Toghcheantar Chonamara
Shane Coogan	087 9461653	Toghcheantar Bhaile Locha Riach
William Doyle	087 2051118	Toghcheantar Bhaile Locha Riach
Mike Kelly	087 2224311	Toghcheantar Bhaile Locha Riach
John Glennon	087 2224304	Toghcheantar Bhaile Locha Riach
Rory O Connor	087 2224161	Toghcheantar Óráin Mhóir
Noel Kelly	087 1224217	Toghcheantar Óráin Mhóir
Christy Corcoran	087 2224192	Toghcheantar Thuama
Anthony Cunnane	087 2224288	Toghcheantar Thuama
Rosina Joyce	087 1225517	Toghcheantar Thuama
Marie Nicholson	087 2151689	Toghcheantar Thuama

Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí (clár vótála) do Chontae na Gaillimhe a chur le chéile (níl Cathair na Gaillimhe san áireamh). Déantar an Clár a leasú gach bliain agus tagann sé i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain, agus féadfaidh aon duine atá 18 bliana d'aois nó os a chionn ar an dáta sin clárú chun vóta a chaitheamh. Foilsítear forlíonadh ar an gclár roimh gach toghchán nó reifreann freisin. Tugann sé seo an deis do dhaoine iarratas a dhéanamh a bheith cláraithe suas le 14 lá roimh lá na vótála.

Le seiceáil go bhfuil tú ar Chlár na dToghthóirí, déan teagmháil le:

Clár na dToghthóirí, An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509310
Ríomhphost: register@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/ nó www.checktheregister.ie

Is féidir an Clár a sheiceáil ag Oifig an Phoist Áitiúil, Leabharlann áitiúil nó ag Stáisiún na nGardaí.

Eolas Eile

1 Faoi dhualgais reachtaíochta, caithfidh an Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ag tabhairt sonraí ar na príomh - gníomhaíochtaí atá déanta againn don bhliain sin.
2 Tá fáil ar chóipeanna de chláir oibre agus miontuairiscí ó chruinnithe na Comhairle ar an suíomh Gréasáin.

Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil le fáil ó:

An tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha

Teil: 091 509310
Ríomhphost: general@galwaycoco.ie
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/

Teagmhálacha Úsáideacha Eile

Seirbhís	Uimhir Theileafóin
Lárionaid Eolais do Shaoránaigh	
● Gaillimh	091 563344
● Tuaim	093 24577
Turasóireacht & Taisteal	
● Fáilte Ireland	091 737700
● Bus Éireann	091 562000
● Iarnród Éireann	091 537700
● Aerfort na Gaillimhe	091 755569
● An Roinn Iompair (Íosghlao)	1890 443311
● An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta (Íosghlao)	1890 383000
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	091 536400
HSE - Bóthar an Chaisleáin Nua	
● Seirbhís Altraí Sláinte Poiblí	091 546365
● Leas Pobail	091 548315
● Cabhair ag an mBaile	091 546344
Ospidéil	
● Ospidéal Portiuncla, Béal Átha na Sluaighe	09096 42140
● Merlin Park, Gaillimh	091 757631
● UHG	091 580580
Gardaí, Sráid an Mhuilinn	091 538000
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	
● Oifig i mBaile Átha Cliath	01 6473000
● Na Forbacha	091 503700
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtas Áitiúil	01 8882000

Teagmhálacha Úsáideacha Eile

Seirbhís	Uimhir Theileafóin
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	
● Tuaim	093 70940
● Baile Locha Riach	091 870000
● An Gort	091 630210
● Béal Átha na Sluaighe	090 96 31800
● An Clochán	095 22215
FÁS	
● Tuaim	093 28066
● Radharc na Mara	091 706200
● Cearnóg na hArdeaglaise, Cathair na Gaillimhe	091 534400
MABS (Comhairle Airgeadais Saor in Aisce)	
● Gaillimh Theas	091 569349
● Gaillimh Thuaidh	093 24421
Oifig an Ombudsman (Íosghlao)	1890 223030
An Coiminiséir Faisnéise	01 6395689
An Coimisinéir Teanga	091 504006
Bord Fiontar Contae & Cathrach na Gaillimhe Teoranta	091 565269
Coiste Cúraim Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe	091 752039
An Chomhairle Oidhreachta	056 7770777
Comhairle Contae na Gaillimhe	
● I gcás **éigeandála amháin** lasmuigh d'uaireanta oifige	091 585555
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	01 6602511
Údarás na Gaeltachta	091 503100

Teagmhálacha Úsáideacha Eile

Seirbhís	Uimhir Theileafóin
Údarás Réigiúnach an Iarthair	091 533842
Na Coimisinéirí Ioncaim (Hibernian House)	091 536300
An Chomhairle Ealaíon (Call Save)	1850 392492
Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	091 844335
Teagasc	091 845845
Oideachas	
● Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	091 524411
● Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo	091 753161
● Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe	091 874260

Nótaí

Nótaí